


FRA EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS

# TUARASCÁIL UM CHEARTA BUNÚSACHA – 2021



TUAIRIMÍ Ó FRA



**Bhí idir dhul chun cinn agus dul ar gcúl le tabhairt faoi deara i ndáil le cosaint na gceart bunúsach in 2020. Sa *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2021* ó FRA, féachtar siar ar na mórfhorbairtí sa réimse agus sainaithnítear na héachtaí a bhí ann agus réimsí ar ábhair imní iad go fóill. San fhoilseachán seo, cuirtear i láthair tuairimí ó FRA faoi na príomhfhorbairtí sna réimsí téamacha a chumhdaítear agus déantar achoimre ar an bhfianaise a thacaíonn leis na tuairimí sin. Ar an gcaoi sin, tugtar forbhreathnú gairid, ach faisnéiseach, ar na príomhdhúshláin i dtaca le cearta bunúsacha atá le sárú ag an Aontas Eorpach agus ag na Ballstáit.**


1 [FÓCAS] Paindéim an Choróinvíris agus cearta bunúsacha: athbhreithniú ar an mbliain

4 Cur chun feidhme agus úsáid na Cairte ar an leibhéal náisiúnta

7 Comhionannas agus neamh-idirdhealú

10 An ciníochas, an tseineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar

13 Comhionannas agus cuimsiú na Romach

16 Tearmann, víosaí, imirce, teorainneacha agus lánpháirtiú

19 An tsochaí faisnéise, príobháideachas agus cosaint sonraí

22 Cearta an Linbh

25 Rochtain ar an gceartas

27 Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Críochnaíodh an lámhscríbhinn i mí Aibreáin 2021.

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ná aon duine a ghníomhaíonn thar ceann Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9461-284-7 | ISSN | doi:10.2811/45 | TK-AM-21-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9461-269-4 | ISSN 2467-3064 | doi:10.2811/474305 | TK-AM-21-001-GA-N |

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2021

Údaraítear atáirgeadh ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Creidiúintí grianghraif:

Clúdach: © iStock/Joel Carillet; © Gettyimages/FG Trade; © iStock/DNY59; © FRA
Leathanach 1: © xavierarnau/iStock
Leathanach 2: © Fundación Secretariado Gitano (FSG)
Leathanach 3: © Shutter B/Adobe Stock
Leathanach 4–5: © FRA
Leathanach 7: © Cate Gillon/Getty Images
Leathanach 8: © utlanov/Adobe Stock
Leathanach 9: © NurPhoto/Getty Images
Leathanach 10: © Satjawat/Adobe Stock
Leathanach 11: © Lidia_Lo/Adobe Stock
Leathanach 12: © Kypros/Alamy Stock Photo
Leathanach 13: © Nigel Crump/Alamy Stock Photo
Leathanach 14: © ton koene/Alamy Stock Photo
Leathanach 15: © Pierre Andrieu/AFP via Getty Images
Leathanach 16: © Angelos Tzortzinis/European Union
Leathanach 17: © Marcello Paternostro/European Union
Leathanach 18: © Sean Gallup/Getty Images
Leathanach 19: © bluedesign/Adobe Stock
Leathanach 20: © Monopoly919/Adobe Stock
Leathanach 21: © Sikov/Adobe Stock
Leathanach 22: © New Africa/Adobe Stock
Leathanach 23: © silkfactory/iStock
Leathanach 25: © kumikomini/iStock
Leathanach 26: © RomanR/Adobe Stock
Leathanach 27: © Tommy Larey/Adobe Stock
Leathanach 28: © elypse/Adobe Stock
Leathanach 29: © H_Ko/Adobe Stock

1 [FÓCAS]

# PAINDÉIM AN CHORÓINVÍRIS AGUS CEARTA BUNÚSACHA: ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN

**De réir mar a leath paindéim COVID-19 ar fud na cruinne, ghlac údaráis ar fud an Aontais Eorpaigh an iliomad beart sriantach chun beatha agus sláinte daoine a chosaint. Leis na bearta sin, cuireadh isteach ar raon leathan ceart bunúsach amhail an ceart chun saoirse gluaiseachta agus comhthionóil; an ceart chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh a bheith ag daoine, lena n-áirítear an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint; agus an ceart chun oideachais, chun obair agus chun slándáil shóisialta a fháil. Mar thoradh ar an bpaindéim agus ar an bhfreagairt di, cuireadh arís eile leis na dúshláin agus an neamhionannas a bhí ann cheana i ngach réimse den saol, agus difear ar leith á dhéanamh do ghrúpaí leochaileacha. Spreagadh méadú ar an líon teagmhas ciníoch dá bharr sin freisin. Agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine á ghlacadh chun dul i ngleic leis an bpaindéim, is gá bearta cothromaithe atá bunaithe ar an dlí agus atá riachtanach, sealadach agus comhréireach a dhéanamh. Is gá aghaidh a thabhairt ar thionchar socheacnamaíoch na paindéime, daoine leochaileacha a chosaint agus an ciníochas a chomhrac freisin.**

Mar a léirítear san fhianaise, rinneadh difear tromchúiseach do gach gné dár saol pearsanta agus comhchoiteann, lena n-áirítear feidhmiú ár n-institiúidí daonlathacha, de bharr na paindéime agus na mbeart a glacadh chun í a shrianadh. Tháinig dúshláin nua chun cinn le linn na paindéime maidir le seasamh leis na luachanna bunúsacha atá taobh thiar d'fheidhmiú ár stát agus an Aontais Eorpaigh. Tá impleachtaí ag an bpaindéim dár gcearta bunúsacha. Imríonn srianta tionchar ar ár gcaidreamh pearsanta agus sóisialta agus ar an dóigh a gcosnaítear ár sonraí pearsanta íogaire. Ag an tráth céanna, beidh iarmhairtí buana sóisialta agus eacnamaíocha ag an bpaindéim agus déanfar an neamhionannas atá ann cheana i bhfad níos measa dá barr.



## TUAIRIM 1.1 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE na ceanglais a bhaineann le cearta bunúsacha difriúla agus le cearta difriúla an duine a mheasúnú agus a chothromú agus bearta sriantacha á nglacadh acu le linn éigeandála, amhail paindéim COVID-19. Chun an chothromaíocht sin a bhaint amach, ba cheart dóibh caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine agus um chearta bunúsacha a chur san áireamh, lena n-áirítear an cásdlí ábhartha agus treoir ó chomhlachtaí idirnáisiúnta um chearta an duine. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh ról a thabhairt do chomhlachtaí reachtúla náisiúnta um chearta an duine agus bearta sriantacha á ndearadh agus á gcur chun feidhme agus faireachán á dhéanamh ar na bearta sin. Ba cheart go mbeadh na bearta sin riachtanach, sealadach agus dianchomhréireach.

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go bhfuil bearta sriantacha bunaithe ar an dlí agus gur féidir le cúirteanna, parlaimintí, comhlachtaí reachtúla um chearta an duine agus geallsealbhóirí eile, an tsochaí shibhialta san áireamh, iad a ghrinnscrúdú.

Ba cheart d'institiúidí AE leanúint le faireachán a dhéanamh ar bhearta éigeandála i gcomhthéacs luachanna bunaidh an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar síos in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear cearta bunúsacha, an smacht reachta agus an daonlathas. I gcás inarb ábhartha, ba cheart toradh an fhaireacháin ar na bearta éigeandála a léiriú i ndoiciméid bheartais, amhail an tuarascáil bhliantúil nua maidir le Sásra Eorpach an Smachta Reachta.



## TUAIRIM 1.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE feabhas a chur ar athléimneacht a gcóras cúraim sláinte, leasa shóisialta agus cúnaimh shóisialta chun a áirithiú go soláthrófr leo seirbhísí cothromasacha do gach duine, fiú amháin le linn géarchéime. Chun an méid sin a bhaint amach ar bhealach comhordaithe ar fud an Aontais Eorpaigh, ba cheart an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Aontas Sláinte Eorpach láidir a ghlacadh gan mhoill. Tá sé mar aidhm leis an togra sin feabhas mór a chur ar chosaint na sláinte agus ar an saol sóisialta agus eacnamaíoch ar fud an Aontais Eorpaigh.

## TUAIRIM 1.3 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE cur leis na hiarrachtaí atá ar bun acu chun leanúnachas an oideachais a áirithiú do gach leanbh i ngach imthoisc, go háirithe le linn géarchéime amhail an ceann a tháinig as paindéim COVID-19. Maidir leis sin, ba cheart dóibh tús áite a thabhairt do bhonneagar digiteach a bhunú ar gach leibhéal oideachais agus ba cheart dóibh a áirithiú go soláthrófar oiliúint iomchuí do mhúinteoirí chun cleachtadh a thabhairt dóibh ar obair a dhéanamh i dtimpeallacht dhigiteach. I ndáil leis sin, ba cheart aird a thabhairt ar an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021–2027), ina moltar go ndéanfaí an méid sin agus ina n-iarrtar comhar níos láidre ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun córais oideachais agus oiliúna a chur in oiriúint don ré dhigiteach.

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú freisin gur cuimsitheach atá an bonneagar digiteach sin. Is é atá i gceist leis sin freastal ar na riachtanais atá ag daoine atá eisiata ón taobh sóisialta de agus daoine leochaileacha, amhail leanaí faoi mhíchumas, leanaí den phobal Romach agus den Lucht Siúil, agus leanaí de chuid imirceach agus dídeanaithe.

Faoi mar a chuir a lán daoine in iúl ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta, tá sé riachtanach go n-urramófaí go hiomlán le bearta éigeandála agus sriantacha cearta idirnáisiúnta an duine agus caighdeáin idirnáisiúnta an smachta reachta, de réir mar a chumhdaítear iad in ionstraimí idirnáisiúnta agus mar a mhúnlaítear iad leis an gcásdlí ábhartha. Sainaithníodh na caighdeáin sin i líon mór doiciméad ó fhoinsí údarásacha, ina dtugtar treoir do shealbhóirí dualgais maidir le conas is féidir na cearta atá ag daoine chun beatha agus chun rochtain a fháil ar chúram sláinte a chosaint ar bhealach níos fearr, gan na cearta uile eile atá acu a chealú ag an tráth céanna.

Faoi mar a threisigh Parlaimint na hEorpa, "fiú amháin i staid éigeandála poiblí, ní mór prionsabail bhunúsacha an smachta reachta, an daonlathais agus na hurraime do chearta bunúsacha a bheith i réim". Mar sin, baineann mórthábhacht le Cairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha maidir le gníomhartha an Aontais Eorpaigh agus maidir le gníomhartha na mBallstát a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh. Sna feasacháin a d'eisigh FRA le linn 2020, úsáideadh fianaise chun aird a tharraingt ar na himpleachtaí atá ann do chearta bunúsacha i gcomhthéacs AE.

Ar an leibhéal náisiúnta, cuireadh bearta sriantacha faoi ghrinnscrúdú cúirteanna, parlaimintí, comhlachtaí um chearta an duine, na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí eile. Cé gur ghlac siad leis go raibh gá le bearta éigeandála a dhéanamh chun an phaindéim a shrianadh, chuir siad in aghaidh na mbeart sin nach raibh bunaithe ar an dlí, a raibh tréimhse fhada feidhme leo agus a bhí díréireach. Leag siad béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le hidirdhealú, fuathchaint agus ciníochas a bhaineann le COVID-19.

D'fhreagair an lucht eolaíochta nua-aimseartha do dhúshlán na paindéime go ríthapa, agus vacsaíní á gcur ar fáil roimh dheireadh 2020. Mar sin féin, nochtadh de bharr na paindéime na bearnaí agus na laigí atá ann i gcumas agus ullmhacht ár gcóras cúraim sláinte, oideachais, fostaíochta agus cosanta sóisialta chun déileáil le géarchéim den sórt sin agus chun freastal ar na cearta atá ag gach duine chun rochtain a fháil ar chúram sláinte, chun oideachais, chun obair agus chun slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta a fháil. Nochtadh freisin na bearnaí atá ann sa chumas atá againn cearta na ndaoine is leochailí a chosaint. Thástáil an phaindéim cé chomh hullamh agus atáimid chun cloí le gealltanas ar leith a thugtar faoi Chlár Oibre domhanda 2030, is é sin "gan aon duine a fhágáil inár ndiaidh" agus aistriú atá cóir ón taobh sóisialta de á dhéanamh againn i dtreo forbairt inbhuanaithe.

D'ainneoin na laigí, áfach, rinne an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát dianiarracht tacú lena gcórais cúraim sláinte, oideachais agus cosanta sóisialta agus cúnamh a thabhairt do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí chun an cor chun donais eacnamaíoch agus an baol dífhostaíochta a sheasamh.

Bhain ríthábhacht arís eile le breisluach an Aontais Eorpaigh. Chuir sé ionstraimí éagsúla i bhfeidhm chun cabhrú leis na Ballstáit a gcuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú. Agus iad ag breathnú ar aghaidh, tháinig institiúidí AE ar chomhaontú ar phacáiste téarnaimh arbh fhiú EUR 1,8 trilliún é. Leis an bpacáiste sin, comhcheanglaítear buiséad an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2021–2027 agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, ar ionstraim shealadach téarnaimh é lena gcuirtear ar chumas an Choimisiúin Eorpaigh cistí a thiomsú ar an margadh caipitil chun aghaidh a thabhairt ar an damáiste láithreach eacnamaíoch agus sóisialta a tháinig as an bpaindéim.

I dteannta ionstraimí beartais lena gcuirtear cearta an duine agus cearta bunúsacha chun cinn, amhail Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, is ionann na bearta airgeadais sin de chuid an Aontais Eorpaigh agus creat cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí náisiúnta.

## TUAIRIM 1.4 Ó FRA

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát leanúint le dul i ngleic le hidirdhealú, fuathchaint agus ciníochas a bhaineann le COVID-19 in aghaidh grúpaí mionlaigh eitnigh, imirceach agus dídeanaithe agus daoine a bhfuil cúlra imirceach acu. Áirítear leis sin treisiú le bearta in aghaidh bréagaisnéise lena scaiptear fuathchaint agus dearcthaí idirdhealaitheacha agus ciníocha, go háirithe ar líne.

## TUAIRIM 1.5 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE díriú ar na riachtanais atá ag na grúpaí leochaileacha is mó atá i mbaol ionfhabhtú agus/nó galar trom a tholgadh. Áirítear leis na grúpaí sin daoine scothaosta, daoine i dtithe cúraim, daoine ar a bhfuil riocht sláinte atá ann cheana, agus daoine a chónaíonn i spásanna teoranta agus róphlódaithe nó atá faoi réir drochdhálaí maireachtála agus tithíochta. Áirítear leis an ngrúpa deireanach sin a lán Romach agus daoine den Lucht Siúil, daoine i saoráidí glactha nó coinneála le haghaidh imirceach agus dídeanaithe, daoine i bpríosúin, agus daoine i mbrúnna do dhaoine gan dídean.

Chuige sin, is gá na grúpaí sin a vacsaíniú mar ábhar tosaíochta agus a áirithiú go bhfuil rochtain chothromasach acu ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta, de réir mar is gá.



# 2

# CUR CHUN FEIDHME AGUS ÚSÁID NA CAIRTE AR AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

**Bhí an bhliain 2020 ina cloch mhíle speisialta do Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. An 7 Nollaig, bhí 20 bliain dulta thart ó d'fhógair an tAontas Eorpach an Chairt in Nice. Bhain an Coimisiún Eorpach leas as an dáta sin chun an doiciméad nua uaidh dar teideal 'Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU' ('Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú san Aontas Eorpach') a sheoladh. Sa straitéis sin, leagtar béim mhéadaithe ar chur i bhfeidhm na Cairte sna Ballstáit agus ar an ról atá ag gníomhaithe náisiúnta maidir leis an gCairt a dhéanamh éifeachtach i saol daoine. Tá sí ina treoirphlean le haghaidh tuilleadh iarrachtaí comhchoiteanna a dhéanamh thar na blianta atá le teacht. Chomh maith leis sin, mhol an Coimisiún go gcuirfí an Chairt chun feidhme ar bhealach níos comhbheartaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Idir an dá linn, lean torthaí measctha ag teacht as úsáid na Cairte ag cúirteanna náisiúnta, parlaimintí, rialtais agus gníomhaithe eile. Cé gur thug cúirteanna náisiúnta aird mhéadaithe ar an gCairt, ba bheag beart a rinneadh ar leibhéal an rialtais chun cur i bhfeidhm na Cairte a chur chun cinn. Cé gur cuireadh isteach ar chosaint ceart bunúsach de bharr ghéarchéim COVID-19, tarraingíodh tuilleadh airde ar bhille an Aontais Eorpaigh um chearta dá barr freisin.**

Baineann ábharthacht bhunúsach leis an gCairt don Aontas Eorpach agus do na leibhéil AE, náisiúnta agus áitiúla den rialtas toisc go bhfuil sí ina ceangal orthu cibé uair a ghníomhaíonn siad de réir raon feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh. Léirítear san fhianaise, áfach, go bhfuil rannpháirtíocht sa Chairt measartha teoranta ar an leibhéal náisiúnta go fóill. Tugann an méid sin le fios gur gá don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát tuilleadh tacaíochta a thabhairt don Chairt agus dul i mbun comhar treisithe ina leith. Sna trí thuairim seo a leanas, tugtar aghaidh ar na leibhéil AE, náisiúnta agus áitiúla den rialtas faoi seach.

## TUAIRIM 2.1 Ó FRA

Agus plé á dhéanamh acu ar chur i bhfeidhm na Cairte, mar a mholtar sa straitéis Cairte ón gCoimisiún Eorpach, ba cheart d'institiúidí AE a áirithiú go dtabharfar aird dhóthanach ar an bhfianaise a fhaightear ó ghníomhaithe náisiúnta ábhartha. I dteannta FRA, ba cheart aird a thabhairt freisin ar ghníomhaireachtaí eile AE a bhfuil acmhainneacht acu cur leis na cearta atá sa Chairt a chur chun feidhme agus a chur chun cinn ar bhealach níos fearr. Ar deireadh, d'fhéadfadh Coiste na Réigiún tabhairt faoi mhalartú bliantúil ina gcomhroinntear cleachtais a bhfuil gealladh fúthu agus dúshláin a bhaineann le forálacha na Cairte a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil. D'fhéadfadh sé sin tuilleadh fianaise a sholáthar lena húsáid sa 'díospóireacht idirinstitiúideach' ar leibhéal an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear sa straitéis Cairte.

### Leibhéal AE

Cé gurb amhlaidh sa straitéis nua ón gCoimisiún Eorpach chun cur i bhfeidhm na Cairte a neartú go ndírítear tuilleadh aird pholaitiúil ar an leibhéal náisiúnta, fógraítear inti freisin treoir bhreise, spreagadh breise agus tacaíocht bhreise ón Aontas Eorpach, lena n-áirítear trí chláir nua AE. Mar shampla, fógraítear inti go neartóidh an Coimisiún Eorpach an chomhpháirtíocht atá ar bun aige le Ballstáit AE i gcomhthéacsanna éagsúla ar mhaithe le cabhair níos fearr a thabhairt dóibh chun an Chairt a chur chun feidhme.

Ina theannta sin, iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gComhairle agus ar an bParlaimint araon dul i mbun 'díospóireacht idirinstitiúideach' leis. Tá ról ábhartha ag gníomhaireachtaí ina leith sin freisin. Cé go ndéantar cuid mhór tagairtí do FRA agus dá chuid oibre inti, ní phléitear i dtéarmaí níos ginearálta sa straitéis an ról atá ag gníomhaireachtaí AE. Is féidir le gach gníomhaireacht AE rannchuidiú le cur i bhfeidhm na Cairte. Mar sin féin, thuairiscigh FRA go bhfuil éagsúlacht ann idir na gníomhaireachtaí maidir leis an bhfeasacht atá acu ar an gCairt agus ar na hoibleagáidí a ghabhann léi agus maidir lena shásta atá siad infheistíocht mhéadaithe a dhéanamh i bhfeasacht a mhúscailt.

Ní hé amháin go bhfuil an Chairt tábhachtach do na príomhinstitiúidí AE, ach tá sí tábhachtach freisin do ghníomhaithe AE uile amhail, mar shampla, Coiste na Réigiún. Tá ról soiléir ar leith le himirt ag an gCoimisiún um Shaoránacht, Rialachas, Gnóthaí Institiúideacha agus Seachtracha (CIVEX) de chuid Choiste na Réigiún maidir le haird a tharraingt ar chleachtais áitiúla agus maidir le malartú a chothú i measc gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla i dtaca leis an mbealach is fearr ar féidir an Chairt a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn.

### An leibhéal náisiúnta

Sna sonraí a bailíodh don tuarascáil seo um chearta bunúsacha agus do thuarascálacha roimhe sin, tagraítear don easpa beartas náisiúnta atá ann chun cur i bhfeidhm na Cairte a chur chun cinn. Dá bhrí sin, leagtar béim mhór sa straitéis Cairte 2020 ar an ról atá ag Ballstáit AE maidir leis an gCairt a chur chun feidhme. Mar gheall ar an líon tograí nithiúla atá inti do ghníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát, tá an straitéis ina treoirphlean do na blianta atá le teacht.

D'fhéadfaí cur i bhfeidhm na Cairte a neartú trí phointí fócasacha a bhunú don Chairt sna riaracháin náisiúnta, trí oiriúnú a dhéanamh ar nósanna imeachta a bhaineann le measúnuithe tionchair agus le grinnscrúdú dlíthiúil, trína áirithiú go ndéanfaidh coistí a bhfuil saineolas dóthanach acu ar an gCairt faireachán ar an dóigh a mbainistítear cistí AE nó, ar deireadh, trí institiúidí náisiúnta um chearta an duine a bhunú agus/nó a neartú.

Teastaíonn ó bhearta eile a leagtar síos sa straitéis bearta athnuaite beartais náisiúnta, mar shampla maidir leis an oiliúint, leis an múscailt feasachta nó le timpeallacht thacúil shábháilte a chur chun cinn d'eagraíochtaí sochaí sibhialta agus do chosantóirí ceart. Teastóidh ó na tograí sin athrú i gcultúr na gceart bunúsach ar an leibhéal náisiúnta, a bhfuil an chuma air go dtí seo go bhfuil sé dírithe ar an dlí bunreachtúil náisiúnta agus ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus tearcúsáid á baint dá bharr sin as an mbreisluach a ghabhann leis an gCairt.

**TUAIRIM 2.2 Ó FRA**

Ba cheart do Bhallstáit AE breithniú ar phointí fócasacha tiomnaithe a bhunú don Chairt, mar a iarrtar orthu a dhéanamh faoin straitéis Cairte. Chuirfeadh sé sin ar chumas na rialtas bearta náisiúnta a chomhordú le bearta a dhéantar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil chun an straitéis Cairte nua a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí. B'fhearr an straitéis a chur chun feidhme trí phróiseas struchtúrtha atá bunaithe ar spriocanna, garspriocanna agus amlínte nithiúla. D'fhéadfaí déanamh amhlaidh trí phlean gníomhaíochta tiomnaithe don Chairt a chur le chéile nó trí thagairtí sonracha a dhéanamh don Chairt i bpleananna gníomhaíochta nó i straitéisí atá ann cheana. Ar mhaithe le foghlaim fhrithpháirteach agus malartú sineirgeach a éascú, ba cheart go mbeadh glacadh agus cur chun feidhme na ndoiciméad pleanála sin fite fuaite san obair chomhordiúchain ar leibhéal an Aontais Eorpaigh – mar shampla, trí dhíospóireachtaí spriocdhírithe sa Mheitheal um Chearta Bunúsacha, um Chearta na Saoránach agus um Shaorghluaiseacht Daoine.



## TUAIRIM FRA 2.3

Ba cheart do Bhallstáit AE an straitéis Cairte nua a chur chun cinn i measc údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ba cheart dóibh a iniúchadh cén dóigh a bhféadfadh na húdaráis sin tagairt do chearta bunúsacha i gcoitinne agus do bhreisluach na Cairte go háirithe, agus na nithe sin a chur chun cinn, ar bhonn níos tráthrialta. Ba cheart d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha a áirithiú go dtagrófar don Chairt in ionstraimí, nósanna imeachta agus beartais ábhartha áitiúla agus réigiúnacha. Ba cheart cleachtais Chairte atá ann cheana a chur in iúl do na pointí fócasacha náisiúnta nua don Chairt chun a áirithiú gur féidir leo na cleachtais sin agus taithí a chomhroinnt le Ballstáit eile – mar shampla, tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas. D'fhéadfadh cathracha breithniú a dhéanamh ar bheith ina gcathracha um chearta an duine agus, ar an mbealach sin, dianiarracht a dhéanamh tosca ceart bunúsach a chur san áireamh ina gcuid oibre, clár agus gníomhaíochtaí.

### An leibhéal áitiúil

Níl feasacht mhaith ag riaracháin áitiúla ar an gCairt, de réir **na hanailíse a rinne FRA ar na sonraí a bailíodh ó na comhairliúcháin** a sheol an Coimisiún Eorpach le linn dó an straitéis a ullmhú. Ag an tráth céanna, tá feidhm ag an gCairt "maidir le comhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla, agus maidir le heagraíochtaí poiblí, le linn dóibh dlí an Aontais a chur chun feidhme" (féach Mínithe, Airteagal 51, Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C 303/17 - 14.12.2007).

Úsáidtear an téarma 'áitiúil' 17 n-uaire sa straitéis. Ní hé amháin go n-iarrtar inti go gcomhroinnfí dea-chleachtais Chairte ar an leibhéal áitiúil agus go gcuirfí timpeallacht thacúil shábháilte chun cinn d'eagraíochtaí sochaí sibhialta agus do chosantóirí ceart ar an leibhéal áitiúil, ach éilítear inti freisin go soláthródh na Ballstáit treoir dhóthanach ar an leibhéal áitiúil ionas gur féidir le húdaráis áitiúla na dualgais atá orthu faoin gCairt a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, tarraingítear aird sa straitéis ar an acmhainneacht atá ag gníomhaithe áitiúla feasacht ar chearta daoine a mhúscailt agus ar an méid is féidir le daoine a dhéanamh nuair a sháraítear a gcearta.

San am i láthair, tá FRA ag obair ar chathracha um chearta an duine a chruthú san Aontas Eorpach. Leis an gcreat tiomantais sin, comhtháthófar comhpháirteanna éagsúla a bhaineann leis an gCairt agus d'fhéadfaí cabhrú le rannpháirtíocht sa Chairt a mhéadú ar an leibhéal áitiúil.

# 3

# COMHIONANNAS AGUS NEAMH-IDIRDHEALÚ



**In 2020, ghlac an Coimisiún Eorpach mórstraitéisí agus mórphleananna gníomhaíochta chun Aontas an Chomhionannais a chur chun cinn, agus creat cuimsitheach á chur le chéile do ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta. Cé nach ndearnadh aon dul chun cinn ar ghlacadh na Treorach maidir le Cóir Chomhionann, tharraing an Coimisiún aird ar an ngá atá ann le comhlachtaí comhionannais a neartú agus le feabhas a chur ar shonraí comhionannais. Tháinig borradh faoi na hiarrachtaí atá ar bun cearta daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, neamhdhénártha, idirghnéasacha agus aiteacha (LADTIA) a chur chun cinn nuair a glacadh an chéad straitéis riamh ón Aontas Eorpach maidir le comhionannas LADTIA. Mar sin féin, léiríodh san fhianaise go bhfuil méadú ag teacht i roinnt limistéar agus Ballstát ar theagmhais idirdhealaithe agus fuathchóireachta daoine LADTIA. Idir an dá linn, géaraíodh an neamhionannas sóisialta i gcásanna áirithe de bharr phaindéim COVID-19 agus de bharr na mbeart a tugadh isteach ina leith, agus daoine scothaosta buailte acu den chuid is mó.**

Is é Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús atá le reachtaíocht AE chun idirdhealú atá bunaithe ar inscne, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach a chomhrac. Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh reachtaíocht chuimsitheach lena dtugtar cosaint ar an idirdhealú ar fhorais inscne nó tionscnaimh chiníoch nó eitnigh i bpríomhréimsí den saol. Áirítear leo sin fostaíocht agus gairm bheatha; oideachas, cé nach gcumhdaítear é sin leis na treoracha maidir le comhionannas inscne; cosaint shóisialta; agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, agus soláthar earraí agus seirbhísí, atá ar fáil don phobal, tithíocht san áireamh. I gcodarsnacht leis sin, ní thugtar le reachtaíocht AE cosaint ar an idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó chreidimh, mhíchumais, aoise agus treoshuímh ghnéasaigh ach amháin i réimse na fostaíochta agus na gairme beatha.

Mar thoradh air sin, is mó cosaint a thugtar do na saintréithe cosanta a leagtar amach in Airteagal 19 CFAE (inscne agus tionscnamh ciníoch nó eitneach) ná an chosaint a thugtar do shaintréithe eile (reiligiún nó creideamh, aois, míchumas agus treoshuíomh gnéasach), rud a chruthaíonn ordlathas saorga foras cosanta. Mhol an Coimisiún Eorpach Treoir maidir le Cóir Chomhionann in 2008. Dá nglacfaí an Treoir, dhúnfaí an bhearna sin trí chosaint ar an idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó chreidimh, aoise, mhíchumais agus treoshuímh ghnéasaigh a leathnú chuig réimsí an oideachais, na cosanta sóisialta agus na rochtana ar earraí agus ar sheirbhísí, agus an tsoláthair earraí agus seirbhísí atá ar fáil don phobal. Níor baineadh aon dul chun cinn ar ghlacadh an togra ón gCoimisiún amach ar leibhéal Chomhairle an Aontais Eorpaigh in 2020.

D'iarr Parlaimint na hEorpa arís eile go nglacfaí an togra agus lean an Coimisiún Eorpach le spreagadh a thabhairt do na Ballstáit teacht go tapa ar chomhaontú ar an téacs. Idir an dá linn, léiríodh le linn phaindéim COVID-19 an baol méadaithe idirdhealaithe a d'fhéadfadh a bheith os comhair daoine le linn géarchéimeanna sláinte ar fhorais éagsúla nach mbaineann le hinscne ná le tionscnamh ciníoch nó eitneach.

## TUAIRIM 3.1 Ó FRA

Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, ba cheart do reachtóir an Aontais Eorpaigh leanúint le hiniúchadh a dhéanamh ar na bealaí uile inar féidir an Treoir maidir le Cóir Chomhionann a ghlacadh gan a thuilleadh moille. D'áiritheodh sé sin go dtabharfaí cosaint chuimsitheach le reachtaíocht AE ar an idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó chreidimh, mhíchumais, aoise agus treoshuímh ghnéasaigh i bpríomhréimsí den saol, amhail oideachas; cosaint shóisialta, lena n-áirítear slándáil shóisialta agus cúram sláinte; agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, agus soláthar earraí agus seirbhísí atá ar fáil don phobal, tithíocht san áireamh.

## TUAIRIM 3.2 Ó FRA

Ba cheart d'institiúidí AE agus do Bhallstáit AE cur chuige cearta-bhunaithe a ghlacadh agus a phríomhshruthú i leith an aosaithe agus daoine scothaosta, lena n-áirítear sna straitéisí uathu le haghaidh teacht amach as an bpaindéim. Ba cheart an cur chuige sin a léiriú i ngach tionscnamh agus beartas ábhartha, lena n-áirítear i ngníomhartha a bhfuil mar aidhm leo Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus beartais um chuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Is é atá i gceist leis sin:

- dul i ngleic le dearcthaí aoisíocha as a dtagann idirdhealú atá bunaithe ar aois, ar dearcthaí iad a chuireann bac ar dhaoine scothaosta cóir chomhionann a fháil agus leas iomlán a bhaint as a gcearta bunúsacha;
- rannpháirtíocht daoine scothaosta i ngach gné den saol sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear le linn bearta a bhaineann le daoine scothaosta a dhearadh agus le linn faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart sin;
- díriú ar na daoine is leochailí agus freastal ar na riachtanais ar leith atá acu trí úsáid a bhaint as na modhanna uile atá ar fáil, lena n-áirítear teicneolaíochtaí inrochtana nua agus uirlisí digiteacha inrochtana nua, agus seirbhísí neamhdhigiteacha a chothabháil ag an tráth céanna;
- sonraí láidre agus fianaise láidir a bhailiú agus a anailísiú faoi chearta agus faoi fholláine daoine scothaosta.

Tugtar le fios san fhianaise go raibh daoine scothaosta i measc na ndaoine a bhí buailte go príomha ag paindéim COVID-19 agus lena linn. I gcomparáid le haoisghrúpaí níos óige, bhí daoine scothaosta i mbaol méadaithe drochshláinte toisc go bhfuil bunriochtaí sláinte níos coitianta ina measc.

Bhí impleachtaí níos leithne ag an bpaindéim freisin, agus í ag dul i gcion ar fholláine agus ar chearta daoine scothaosta. Steiréitíopaí aoisíocha agus dioscúrsa idirdhealaitheach, bearta sriantacha a bhí bunaithe ar aois, deacrachtaí a bhain le hearraí agus seirbhísí a rochtain, lenar áiríodh mar gheall ar an deighilt dhigiteach idir na glúnta, agus braistintí scoiteachta agus struis, bhain siad go léir an bonn den cheart atá ag daoine scothaosta saol faoi dhínit agus neamhspleáchas a bheith acu agus páirt a ghlacadh sa saol sóisialta agus cultúrtha, mar a chumhdaítear i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Bhain na tosca sin an bonn freisin den cheart atá acu chun cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna a fháil, mar a leagtar amach sa Chairt agus i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Os a choinne sin, rinne gníomhaithe éagsúla bearta chun maolú a dhéanamh ar thionchar na paindéime ar dhaoine scothaosta agus chun a gcearta a chosaint agus chun cabhrú lena gcearta a chur chun feidhme, lenar áiríodh trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus as uirlisí digiteacha nua. Ina theannta sin, tháinig borradh faoin mórdhíospóireacht ar chearta daoine scothaosta agus ar a bhfolláine in 2020. Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh conclúidí lenar iarradh ar institiúidí AE agus ar Bhallstáit AE cur chuige cearta-bhunaithe a ghlacadh i leith an aosaithe, lena n-áirítear sna straitéisí uathu le haghaidh teacht amach as an bpaindéim. Tharraing sí aird freisin ar an ngá atá ann le leas a bhaint as deiseanna digitithe chun folláine daoine scothaosta a chur chun cinn.





Thug Ballstáit áirithe bearta dlíthiúla agus beartais isteach lena gcuirtear i mbaol an ceart bunúsach chun cóir chomhionann a fháil beag beann ar threoshuíomh gnéasach. Sa dara suirbhé LADTI ó FRA agus i suirbhéanna a rinneadh i roinnt Ballstát, léiríodh go raibh ardleibhéil idirdhealaithe agus chiaptha ann in aghaidh daoine LADTI+ ar fud an Aontais Eorpaigh agus gur tháinig laghdú suntasach ar a mhéid a ghlactar go sóisialta leo. Feiniméan ar ábhar imní ar leith é is ea fuathchaint in aghaidh daoine LADTI+ i ndioscúrsa poiblí, toisc go ngríosaíonn sí tuilleadh idirdhealaithe.

Bhí tionchar ar leith ag bearta chun an phaindéim a shrianadh ar dhaoine LADTI+, go háirithe daoine óga a bhí ina gcónaí sa bhaile agus a bhí faoi réir foréigean teaghlaigh mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach agus/nó a bhféiniúlacht inscne. Dá bharr sin, bhí sé níos deacra fós a gcearta a chosaint.

Chun aghaidh a thabhairt ar staid daoine LADTIA agus chun an staid sin a fheabhsú, ghlac an Coimisiún Eorpach a straitéis comhionannais LADTIA don tréimhse 2020–2025. Leagtar amach sa straitéis sin sraith beart spriocdhírithe a bhaineann le ceithre phríomhcholún, ar bearta iad a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic leis an idirdhealú, sábháilteacht a áirithiú, sochaithe cuimsitheacha a fhorbairt, agus an feachtas ar son comhionannas LADTIA a stiúradh ar fud an domhain.

## TUAIRIM 3.3 Ó FRA

Moltar do Bhallstáit AE gan tabhairt faoi aon bhearta lena gcuirtear i mbaol an ceart bunúsach chun cóir chomhionann a fháil beag beann ar threoshuíomh gnéasach agus ar fhéiniúlacht inscne agus moltar dóibh leanúint le pleananna gníomhaíochta a ghlacadh ar aon dul leis an straitéis comhionannais LADTIA ón gCoimisiún. Moltar dóibh freisin bearta dlíthiúla agus beartais a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun a áirithiú gur féidir le daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha leas iomlán a bhaint as a gcearta bunúsacha faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus faoin dlí náisiúnta.

Ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil faoin idirdhealú, lena n-áirítear sonraí ón dara suirbhé LADTI ó FRA, chun bearnaí cosanta a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach leordhóthanach. Ba cheart dóibh aird a thabhairt ar an treoir a thugtar sa straitéis comhionannais LADTIA freisin. Go háirithe, ba cheart bearta a dhéanamh chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chomhrac ar bhealach éifeachtach agus chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar dochrach a bhíonn ag ráitis homafóbacha agus thrasfhóbacha ó údaráis phoiblí agus ó oifigigh phoiblí.

# 4

# AN CINÍOCHAS, AN tSEINEAFÓIBE AGUS ÉADULAINGT GHAOLMHAR

**Bliain dhúshlánach a bhí sa bhliain 2020. De bharr phaindéim COVID-19, nochtadh an ciníochas, an tseineafóibe agus an éadulaingt ghaolmhar a bhí ann cheana agus géaraíodh iad. Bhíothas ag baint leas níos mó agus níos mó as an ngéarchéim sláinte mar leithscéal chun ionsaí a dhéanamh ar mhionlaigh – lenar áiríodh imircigh, daoine a bhfuil cúlra inimirceach acu agus Romaigh – a bhí faoi réir idirdhealú ciníoch agus eitneach, fuathchainte agus fuathchoireachta cheana féin. Shlóg an ghluaiseacht 'Black Life Matters' sochaithe ar fud an domhain chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas agus ar an idirdhealú ar thaobh údarás forfheidhmithe dlí. Ghlac an Coimisiún Eorpach an chéad phlean gníomhaíochta frithchiníochais riamh uaidh, ina leagtar amach bearta nithiúla chun dul i ngleic leis an gciníochas agus leis an idirdhealú eitneach san Aontas Eorpach. D'fhéach roinnt Ballstát den Aontas Eorpach le pleananna gníomhaíochta náisiúnta frithchiníochais agus bearta eile a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an antoisceachas, ar an bhfuathchoireacht agus ar an bhfuathchaint.**



## TUAIRIM 4.1 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE an Cinneadh Réime maidir leis an gCiníochas agus an tSeineafóibe a thrasuí agus a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go cuí chun an fhuathchoireacht chiníoch agus an fhuathchaint chiníoch a choiriúlú. Dá réir sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go measfar gurb í imthoisc ghéaraitheach í bunchúis chiníoch nó sheineafóbach nó, mar mhalairt air sin, chun a áirithiú go bhféadfaidh na cúirteanna bunchúis den sórt sin a chur san áireamh agus pionóis á socrú acu.

I dteannta reachtaíocht AE maidir leis an bhfuathchoireacht a chomhrac a thrasuí agus a fhorfheidhmiú go hiomlán, ba cheart do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm lena dtugtar spreagadh d'íospartaigh agus finnéithe teacht chun tosaigh chun fuathchoireanna a thuairisciú. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh cumas na gcóras náisiúnta forfheidhmithe dlí a threisiú chun an fhuathchoireacht a shainaithint agus a thuairisciú go cuí a neartú.

Leagtar amach sa Chinneadh Réime ón gComhairle maidir leis an gCiníochas agus an tSeineafóibe (2008/913/CGB) cur chuige coiteann dlí choiriúil i leith cineálacha áirithe ciníochais agus seineafóibe arb ionann iad agus fuathchaint agus fuathchoireacht. Thionscain an Coimisiún Eorpach nósanna imeachta um shárú in aghaidh dhá Bhallstát nach ndearna an Cinneadh Réime a ionchorprú go hiomlán agus go cuí sa dlí náisiúnta.

Mar an gcéanna, nocht comhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta bearnaí dlíthiúla sna cóid choiriúla atá i bhfeidhm i roinnt Ballstát maidir leis an bhfuathchaint agus maidir le hinspreagadh ciníoch nó seineafóbach a choiriúlú mar imthoisc ghéaraitheach. Idir an dá linn, leag an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus ardchúirteanna náisiúnta teorainneacha síos maidir le saoirse cainte a úsáid chun údar a thabhairt leis an bhfuathchaint agus le gríosú chun fuatha.

Lean dearcthaí ciníocha agus dearcthaí atá ar an eite fhíordheis le dúshláin thromchúiseacha a chruthú ar fud an Aontais Eorpaigh in 2020. Dúnmharaíodh roinnt daoine de dheasca fuathchoireanna agus coireanna antoisceacha, rud a bhí ag teacht leis an treocht a chonacthas i mblianta roimhe sin. Chuir comhlachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta um chearta an duine imní in iúl faoin méadú ar an bhfuathchaint ar líne. Ina lán cásanna, ba iad pearsana meán nó polaitiúla a bhí freagrach as an bhfuathchaint sin, a bhí dírithe ar imircigh agus ar mhionlaigh eitneacha.

De réir thorthaí an tsuirbhé, tá méadú ag teacht i gcónaí ar an idirdhealú a fhulaingíonn mionlaigh eitneacha, imircigh san áireamh, i réimsí éagsúla den saol agus tá dearcthaí agus steiréitíopaí idirdhealaitheacha i réim i measc an phobail i gcoitinne go fóill. Faoi mar a thuairiscigh FRA agus daoine eile, géaraíodh ar na treochtaí sin tráth thús phaindéim COVID-19.

Toirmisctear le hAirteagal 21 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha aon idirdhealú ar fhorais tionscnaimh eitnigh agus chine. Mar an gcéanna, toirmisctear leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha (2000/43/CE) aon idirdhealú ar fhorais tionscnaimh eitnigh nó chiníoch i réimse na rochtana ar an oideachas, ar fhostaíocht, ar sheirbhísí, tithíocht san áireamh, agus ar chosaint shóisialta, cúram sláinte san áireamh. Níl forálacha na Treorach á gcur chun feidhme go cuí ag roinnt Ballstát den Aontas Eorpach go fóill, mar a léirítear i dtuarascálacha ón gCoimisiún Eorpach agus ó chomhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta um chearta an duine.

Lean an Coimisiún le nósanna imeachta sáraithe in aghaidh roinnt Ballstát a rinne idirdhealú san oideachas in aghaidh leanaí den phobal Romach. Idir an dá linn, chuir comhlachtaí idirnáisiúnta um chearta an duine ábhair imní in iúl maidir le neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais a bunaíodh leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha.

## TUAIRIM 4.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE feabhas mór a chur ar a éifeachtaí atá a gcuid beart agus socruithe institiúideacha chun an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go cuí. Go sonrach, ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar neamhspleáchas comhlachtaí comhionannais. Ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil sainordú agus acmhainní iomchuí ag comhlachtaí den sórt sin chun go mbeidh siad in ann na cúraimí a shanntar dóibh i reachtaíocht neamh-idirdhealaithe AE a chomhlíonadh go hiomlán.



Cé go bhféadfadh cineálacha áirithe próifílithe eitnigh a bheith dlíthiúil, tagann próifíliú idirdhealaitheach salach ar phrionsabail an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear na cinn a chumhdaítear sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus dlí-eolaíocht ghaolmhar na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, agus ar Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Le hAirteagal 11(3) de Threoir na bPóilíní (2016/680) maidir le cinnteoireacht aonair uathoibrithe, toirmisctear "próifíliú arb é an toradh atá air idirdhealú in aghaidh daoine nádúrtha ar bhonn catagóirí speisialta sonraí pearsanta". Áirítear leo sin sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach agus creideamh reiligiúnach agus sonraí géiniteacha agus bithmhéadracha.

Déantar próifíliú idirdhealaitheach atá bunaithe ar an eitneacht san Aontas Eorpach go fóill, mar a tugadh faoi deara i dtuarascálacha um chearta bunúsacha roimhe seo agus mar a fhianaítear i suirbhéanna agus i dtuarascálacha ó chomhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta. Thuairiscigh roinnt tíortha forfheidhmiú díréireach na srianta a bhaineann le COVID-19 i leith grúpaí mionlaigh eitnigh. Tháinig forbairtí chun cinn ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta araon as an díospóireacht ar chiníochas póilíní a chosc agus a chomhrac, ar dhíospóireacht í a bhí bunaithe ar chásanna ar fud an Aontais Eorpaigh agus ar an ngluaiseacht 'Black Lives Matter'.

## TUAIRIM 4.3 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE na bearta is gá a ghlacadh chun dearcthaí idirdhealaitheacha a chosc agus a dhíothú i measc póilíní. Is féidir é sin a dhéanamh trí mheasúnú a dhéanamh ar na coimircí atá ann cheana in aghaidh cineálacha institiúideacha idirdhealaithe, lena n-áirítear ráitis mhisin shoiléire, córais láidre um athbhreithniú feidhmíochta maidir le hidirdhealú institiúideach a chosc, agus sásraí neamhspleácha gearán atá cuimsitheach agus éifeachtach.

Ba cheart d'údaráis forfheidhmithe dlí treoir atá sonrach, praiticiúil agus réidh le húsáid a eisiúint in aghaidh próifíliú idirdhealaitheach eitneach ag póilíní le linn dóibh a gcuid dualgas a fheidhmiú agus ba cheart dóibh an treoir sin a chur ar áireamh i mbuan-nósanna imeachta oibríochta agus i gcóid iompair agus í a chur in iúl go córasach d'oifigigh ar an líne thosaigh.




## TUAIRIM 4.4 Ó FRA

Moltar do Bhallstáit AE pleananna gníomhaíochta tiomnaithe náisiúnta a fhorbairt chun an ciníochas, an t-idirdhealú ciníoch, an frithsheimíteachas, an tseineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar a chomhrac. Dá gcuirfí pleananna den sórt sin chun feidhme, sholáthrófaí do Bhallstáit AE creat éifeachtach lena gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha agus faoin gCinneadh Réime maidir leis an gCiníochas agus an tSeineafóibe a Chomhrac.

Ar aon dul le plean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais Eorpaigh, ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar phleananna náisiúnta a fhorbairt ar bhealach rannpháirtíoch, agus ról á thabhairt d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla, do chomhlachtaí comhionannais agus don tsochaí shibhialta san obair sin. Ina theannta sin, ba cheart measúnú tráthrialta trédhearcach a dhéanamh ar thionchar agus éifeachtacht na mbeart, bunaithe ar spriocanna agus ar amlínte soiléire agus ar fhianaise, agus táscairí feidhmíochta á n-úsáid.

In 2020, chuir an tAontas Eorpach borradh faoina chuid iarrachtaí gníomhú in aghaidh an chiníochais. Ghlac an Coimisiún Eorpach a chéad phlean gníomhaíochta frithchiníochais riamh don Aontas Eorpach don tréimhse 2020–2025. Chomh maith leis sin, thug sé aghaidh ar an gciníochas, ar chiapadh agus ar fhoréigean atá bunaithe ar chlaontacht, agus ar chosaint agus tacaíocht d'íospartaigh na fuathchoireachta i roinnt ionstraimí beartais eile, lenar áiríodh an straitéis ón Aontas Eorpach maidir le cearta íospartach 2020–2025 agus an creat straitéiseach nua ón Aontas Eorpach le haghaidh na Romach.

Beagnach 20 bliain tar éis do Chomhdháil Dhomhanda na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Chiníochais a iarraidh ar thíortha pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais a chur le chéile, mhol an Coimisiún Eorpach do gach Ballstát AE pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais agus an idirdhealaithe chiníoch a fhorbairt agus a ghlacadh faoi dheireadh 2022. In 2020, thóg roinnt Ballstát céimeanna i dtreo pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt chun an ciníochas, an tseineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar a chomhrac.

Mar sin féin, chuir comhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta ábhair imní in iúl faoi na laigí atá sa dearadh ar phleananna gníomhaíochta náisiúnta den sórt sin, ag sonrú go bhféadfadh na laigí sin dul i gcion go diúltach ar a gcur chun feidhme, ar a dtionchar agus ar an bhfaireachán a dhéantar orthu. Teipeann ar roinnt díobh aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar an gciníochas; tá easpa beachtais ann i gcuid mhór díobh maidir le bearta nithiúla a shainiú; tá ganntanas modhanna ann chun na cuspóirí a chomhlíonadh; agus tá ganntanas tagarmharcanna agus táscairí ann chun dul chun cinn a thomhas.

# 5

# COMHIONANNAS AGUS CUIMSIÚ NA ROMACH



**Tháinig deireadh le tréimhse feidhme an chéad Chreata ón Aontas Eorpach le haghaidh Straitéisí Náisiúnta maidir le hImeascadh na Romach in 2020 agus tháinig an creat straitéiseach nua 10 mbliana i bhfeidhm ina dhiaidh sin i lár phaindéim COVID-19. Tríd is tríd, ba bheag dul chun cinn a rinneadh faoin gcéad chreat. Cé go léirítear i meastóireachtaí gur baineadh gnóthachain áirithe amach san oideachas agus i laghdú na bochtaineachta, léirítear iontu freisin nach ndearnadh aon dul chun cinn, nó gur éirigh an scéal níos measa fiú, i réimsí ríthábhachtacha amhail fostaíocht, cúram sláinte agus tithíocht. Sa Chreat Straitéiseach nua ón Aontas Eorpach um chomhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, leagtar spriocanna uaillmhianacha síos i seacht réimse thábhachtacha: neamh-idirdhealú, cuimsiú, rannpháirtíocht, oideachas, fostaíocht, sláinte agus tithíocht. Leagtar amach inti creat faireacháin níos láidre, mar aon le raon spriocanna inchainníochtaithe intomhaiste chun dul chun cinn a rianú. Idir an dá linn, chuathas i gcion go díréireach ar an bpobal Romach agus ar an Lucht Siúil de bharr na paindéime trí neamhionannas a mhéadú agus, i dtíortha áirithe, tríd an bhfrithghiofógachas agus claontacht in aghaidh na Romach a chothú.**

Toirmisctear le hAirteagal 21 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha aon idirdhealú atá bunaithe ar thionscnamh eitneach nó sóisialta nó ar bhallraíocht i mionlach náisiúnta. Le 20 bliain anuas, b'amhlaidh leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha (2000/43/CE) gur cuireadh cóir chomhionann chun cinn agus gur toirmisceadh idirdhealú díreach agus indíreach araon, ciapadh san áireamh, atá bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach i réimsí amhail fostaíocht, oideachas, cosaint shóisialta agus sochair shóisialta, cúram sláinte, agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, tithíocht san áireamh.

Tá an frithghiofógachas fréamhaithe go daingean, áfach, agus tá sé ina bhacainn mhór ar dhul chun cinn a dhéanamh ar chuimsiú na Romach. Ní bheadh beagnach leath de shaoránaigh an Aontais Eorpaigh (46 %) ar a suaimhneas ina gcónaí in aice le Romaigh nó leis an Lucht Siúil, de réir Shuirbhé FRA ar Chearta Bunúsacha 2019, inar pléadh leis an bpobal i gcoitinne. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, a chuaigh i bhfeidhm go díréireach ar an bpobal Romach agus ar an Lucht Siúil, méadaíodh an neamhionannas a bhí ann cheana agus, i dtíortha áirithe, cothaíodh tuilleadh frithghiofógachais agus tuilleadh claontachta in aghaidh na Romach.

## TUAIRIM 5.1 Ó FRA

Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn phaindéim COVID-19, ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go ndéanfar an comhrac in aghaidh an idirdhealaithe agus an fhrithghiofógachais a phríomhshruthú i ngach réimse beartais dá straitéisí náisiúnta le haghaidh na Romach. Ba cheart spriocbhearta a bheith san áireamh sna straitéisí sin chun dul i ngleic leis an bhfrithghiofógachas agus le hidirdhealú a théann i gcion ar Romaigh agus ar an Lucht Siúil.

Ba cheart bearta den sórt sin a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhar le pobail Romach agus lena gcuid ionadaithe ar mhaithe le teachtaireacht dhearfach a chur chun cinn i leith na Romach agus an Lucht Siúil, agus feasacht á múscailt ar an idirdhealú, ar an leithscaradh agus ar an ngéarleanúint a tharla dóibh san am atá thart.



## TUAIRIM 5.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE bearta comhordaithe a chur chun feidhme chun a áirithiú gur féidir le leanaí den phobal Romach agus den Lucht Siúil atá eisiata agus imeallaithe ón taobh sóisialta de rochtain a fháil ar uirlisí cianfhoghlama. I gcás aon bheart i réimse an oideachais, ba cheart gníomhartha spriocdhírithe a dhéanamh atá curtha in oiriúint do na riachtanais shonracha atá ag na grúpaí éagsúla den phobal Romach agus den Lucht Siúil, agus leas á bhaint go háirithe as an eispéireas dearfach a bhí ann le cúntóirí teagaisc agus idirghabhálaithe ón bpobal Romach. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar earcaíocht, oiliúint agus imscaradh tuilleadh idirghabhálaithe ón bpobal Romach agus tuilleadh múinteoirí a bhfuil cúlra Romach acu a spreagadh. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go bhfuil aon spriocbhearta inbhuanaithe agus dea-chistithe, agus leas á bhaint as cistí AE agus as deiseanna eile cistiúcháin do bhearta atá spriocdhírithe ar Romaigh agus d'athruithe struchtúrtha ar son oideachas cuimsitheach.

Cumhdaítear an ceart chun oideachais le hAirteagal 14 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Cuirtear in iúl go láidir i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil ag gach duine an ceart chun oideachas cuimsitheach ardchaighdeáin a fháil (Caibidil 1, prionsabal 1). Ar fud an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear i mBallstáit an iarthair, fágann formhór na Romach óg agus na ndaoine óga den Lucht Siúil an t-oideachas nó an oiliúint go luath, de réir na sonraí is déanaí. Beag beann ar an dul chun cinn beag a rinneadh thar na deich mbliana seo a chuaigh thart, is mór go fóill atá an bhearna oideachais idir Romaigh agus an pobal i gcoitinne.

Ina theannta sin, léirítear i dtorthaí taighde ó FRA agus ó dhaoine eile gurb amhlaidh, ina lán cásanna, nach bhfuil an trealamh riachtanach TF agus/nó rochtain Idirlín ag Romaigh nó ag daoine den Lucht Siúil a chónaíonn i suíomhanna leithscartha agus imeallaithe. Leathnaítear an bhearna idir daoine den phobal Romach agus den Lucht Siúil agus an pobal i gcoitinne mar thoradh ar neamhionannas dianseasmhach agus ar an easpa beartas a n-éiríonn leo bonneagar bunúsach agus seirbhísí bunúsacha a sholáthar dóibh. Déanann an méid sin difear freisin do na deiseanna a thugtar do leanaí den phobal Romach chun rochtain chothrom a fháil ar an oideachas. Bhí sé sin níos soiléire fós le linn phaindéim COVID-19. Léirítear i dtaighde FRA freisin gur theip ar roinnt beart príomhshrutha dul i bhfeidhm ar Romaigh agus ar an Lucht Siúil.

Tá an creat straitéiseach nua ón Aontas Eorpach um chomhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach mar chuid de threoirlínte polaitiúla foriomlána an Aontais Eorpaigh chun Aontas an Chomhionannais a chruthú. Leis an gcreat sin, cuirfear le plean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais Eorpaigh 2020–2025 agus le cur chun feidhme a dhéanamh ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Faoin gcreat roimhe seo ón Aontas Eorpach le haghaidh straitéisí náisiúnta maidir le himeascadh na Romach a raibh mar aidhm leis an bhearna idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a dhúnadh, níor gnóthaíodh faoi 2020 na spriocanna uaillmhianacha a leagadh amach ann le haghaidh oideachais, fostaíochta, cúram sláinte agus tithíochta. Ní dhearna na Ballstáit ach beagán dul chun cinn i réimsí áirithe den oideachas agus de laghdú na bochtaineachta agus ní dhearna siad aon dul chun cinn – nó d'éirigh an scéal níos measa fiú – i bhfostaíocht, tithíocht agus sláinte, de réir shonraí FRA.

Bunaithe ar mheastóireacht a rinneadh ar an gcreat roimhe, d'aithin an Coimisiún Eorpach go raibh géarghá ann leis an tiomantas do chomhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a athnuachan, agus le borradh a chur faoin tiomantas sin, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Leagtar síos sa chreat straitéiseach nua seacht gcuspóir agus spriocanna gaolmhara atá le baint amach faoi 2030, agus béim á leagan ar an bhfrithghiofógachas agus idirdhealú a chomhrac agus ar rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán na Romach a chur chun cinn trí mheascán de bheartais phríomhshrutha agus de bheartais spriocdhírithe.

## TUAIRIM 5.3 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE tús áite a thabhairt do chur chun feidhme an chreata straitéisigh nua ón Aontas Eorpach le haghaidh na Romach. Ba cheart cuspóirí agus spriocanna uaillmhianacha a shainiú ina bpleananna náisiúnta, ar cuspóirí agus spriocanna iad ina gcuirtear san áireamh na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcreat roimhe sin ón Aontas Eorpach, ó na meastóireachtaí a rinneadh ar straitéisí náisiúnta agus ó phaindéim COVID-19. Ba cheart dul chun cinn a mheasúnú trí chórais éifeachtacha faireacháin, agus tomhas á dhéanamh acu ar na bearta príomhshrutha agus na spriocbhearta araon le haghaidh chuimsiú sóisialta na Romach agus an Lucht Siúil agus ar an úsáid éifeachtach a bhaintear as cistí náisiúnta agus as cistí AE.

I straitéisí náisiúnta le haghaidh na Romach, ba cheart tagairt shonrach a dhéanamh do ról fiúntach a thabhairt do na Romaigh agus don Lucht Siúil le linn bearta agus bearta a dhearadh agus a mheasúnú agus le linn faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.



# 6

# TEARMANN, VÍOSAÍ, IMIRCE, TEORAINNEACHA AGUS LÁNPHÁIRTIÚ



**Bhí urraim do chearta bunúsacha ag na teorainneacha ar cheann de na príomhdhúshláin i ndáil le cearta an duine san Aontas Eorpach fós. Bhí básanna ar farraige, moilleanna ar chalafort sábháilte a shannadh d'imircigh tharrtháilte agus bagairtí ar bháid tarrthála daonnúla ag tarlú fós. Bhí líomhaintí faoi bhrúnna siar agus faoi fhoréigean ann freisin. Chuir an Coimisiún Eorpach Comhaontú nua um Imirce agus um Thearmann i láthair, ar pacáiste tograí reachtaíochta crua agus doiciméad reachtaíochta boige é lena leagtar béim níos láidre ar nósanna imeachta teorann agus lena moltar cineálacha nua dlúthpháirtíochta. Idir an dá linn, oiriúnaíodh nósanna imeachta tearmainn chun déileáil le srianta a bhaineann le COVID-19. Rinne an tAontas Eorpach dul chun cinn ar a chuid córas mórscála teicneolaíochta faisnéise (TF) a bhunú agus thosaigh sé ar iniúchadh a dhéanamh ar intleacht shaorga a úsáid le haghaidh rialú teorann agus bainistiú imirce. Tar éis Brexit, tháinig saoránaigh na Ríochta Aontaithe faoi réir rialacha nua.**

## TUAIRIM 6.1 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE imscrúdú pras éifeachtach a dhéanamh ar gach líomhain faoi bhrúnna siar agus faoi dhrochíde ag na teorainneacha agus ba cheart dóibh cur leis an trédhearcacht ar na bearta a rinneadh.

Ba cheart do na Ballstáit sásraí faireacháin atá éifeachtach agus neamhspleách a bhunú ag na teorainneacha. Chun a rathú go gcomhlíonfar cearta bunúsacha ar bhealach níos iomláine, ba cheart faireachán ar ghníomhaíochtaí faireachais teorann a chumhdach freisin sna sásraí sin, agus ní, mar a mholtar sa Chomhaontú um Imirce agus um Thearmann, an nós imeachta scagtha roimh dhul isteach amháin.

In 2020, thuairiscigh comhlachtaí um chearta an duine atá aitheanta go forleathan líomhaintí gur filleadh daoine aonair go neamhdhleathach ar ais ag teorainneacha talún agus farraige agus, i gcásanna áirithe, gur cuireadh faoi réir foréigean póilíní iad. Le hAirteagal 78(1) CFAE agus le hAirteagail 18 agus 19 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, toirmisctear *refoulement* – rud a chiallaíonn duine atá i mbaol géarleanúna nó dochar tromchúiseach a fhilleadh ar ais – agus díbirtí comhchoiteanna. Le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus le hAirteagal 4 de Chód Teorainneacha Schengen, ceanglaítear ar an lucht bainistithe teorainneacha cearta bunúsacha a chomhlíonadh. Sa Chomhaontú um Imirce agus um Thearmann uaidh, mhol an Coimisiún Eorpach rialacha nua ón Aontas Eorpach chun faireachán a dhéanamh ar chearta bunúsacha ag na teorainneacha.

Maidir le himircigh a ghabhtar i ndáil le teorainn inmheánach AE a thrasnú go neamhrialta, ní éistear go córasach iad sula gcuirtear iad ar ais chuig Ballstát comharsanach AE. Ní thugtar fógra go córasach dóibh faoin gcinneadh iad a chur ar ais chuig Ballstát eile AE ach oiread.

Prionsabail ghinearálta faoi dhlí an Aontais Eorpaigh is ea nach mór aon chinneadh lena ndéantar difear do dhuine a dhéanamh ar bhonn aonair agus go bhfuil an ceart ag daoine chun éisteacht a fháil. Tá na prionsabail sin ina gcoimircí tábhachtacha maidir le cur ar chumas daoine saincheisteanna a d'fhéadfadh cur ar ais a chosc a ardú agus maidir le cur ar a gcumas leas a bhaint as an gceart atá acu chun leigheas éifeachtach a fháil faoi Airteagal 47 den Chairt.

## TUAIRIM 6.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE nósanna imeachta a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm lena ráthaítear go n-éisfear le daoine sula gcuirtear ar ais iad chuig Ballstát comharsanach AE agus ba cheart dóibh fógra foirmiúil a thabhairt do na daoine sin faoin gcinneadh a rinneadh.



Sna tograí reachtacha faoin gComhaontú um Imirce agus um Thearmann, leagadh béim níos láidre ar nósanna imeachta teorann agus moladh sásraí nua dlúthpháirtíochta. I gcásanna áirithe, is é an toradh a bhíonn ar nósanna imeachta teorann iarratasóirí ar thearmann a choinneáil i saoráidí atá suite ag an teorainn nó in aice léi. Ina lán cásanna, tá na saoráidí sin suite i suíomhanna iargúlta ina bhfuil sé deacair caighdeáin ghlactha a chomhlíonadh nó coimircí a chur i bhfeidhm chun cailleadh treallach saoirse a chosc, mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Dálaí Glactha (2013/33/AE) agus leis an Treoir maidir le Filleadh (2008/115/CE). Ceann de na torthaí a d'fhéadfadh a bheith air sin is ea nach gcaithfí le hiarratasóirí ar thearmann ar bhealach a chomhlíonann an ceart chun dínit an duine, rud a ráthaítear le hAirteagal 1 den Chairt.

## TUAIRIM 6.3 Ó FRA

Agus cuspóirí an Chomhaontaithe um Imirce agus um Thearmann á gcur chun feidhme acu, ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go bhfuil na coinníollacha fanachta i saoráidí céadghlactha ag na teorainneacha leordhóthanach agus go n-urramaítear go hiomlán leo an ceart chun saoirse agus cearta bunúsacha eile a leagtar amach i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Ba cheart bearta formhaoirseachta agus coisctheacha a dhéanamh go tráthrialta chun fanachtaí fada a sheachaint.

## TUAIRIM 6.4 Ó FRA

Ba cheart d'institiúidí AE, do ghníomhaireachtaí agus do Bhallstáit AE measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an tionchar a imríonn úsáid intleachta saorga ar chearta bunúsacha i réimse na ngnóthaí baile, lena n-áirítear tearmann, víosaí, inimirce agus teorainneacha. Ba cheart sásraí formhaoirseachta atá dian, éifeachtach agus neamhspleách a bheith ag gabháil le húsáid intleachta saorga.

Tá iniúchadh á dhéanamh ag an Aontas Eorpach agus ag a chuid Ballstát ar úsáid a bhaint as intleacht shaorga chun feabhas a chur ar chinnteoireacht i réimse na ngnóthaí baile, lena n-áirítear tearmann, teorainneacha agus inimirce. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag uirlisí intleachta saorga ar chearta bunúsacha éagsúla. D'fhéadfaí go dtarlóidh sé sin, mar shampla, mar gheall ar chlaonadh i ndearadh an algartaim nó mar gheall ar easpa trédhearcachta maidir leis na sonraí a úsáidtear, rud a fhágann go mbíonn sé deacair don duine lena mbaineann na torthaí a sholáthraítear le huirlisí den sórt sin a bhréagnú.




## TUAIRIM FRA 6.5


Ba cheart d'institiúidí AE, do ghníomhaireachtaí agus do Bhallstáit AE leanúint le feasacht a mhúscailt ar na coimircí i dtaca le cearta bunúsacha atá i gcórais mhórscála TF an Aontais Eorpaigh agus in idir-inoibritheacht na gcóras sin. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a sholáthar d'údaráis chosanta sonraí chun gur féidir leo tacú le daoine ar mian leo leas a bhaint as an gceart atá acu chun a sonraí a rochtain, a cheartú agus a scriosadh.

Chuir an tAontas Eorpach sé cinn de chórais mhórscála teicneolaíochta faisnéise (TF) ar bun chun tacú leis na Ballstáit imirce, tearmann agus teorainneacha a bhainistiú, comhar breithiúnach a fheabhsú agus slándáil inmheánach a neartú. Tá trí cinn de na córais sin i mbun feidhme: an Dachtalascópacht Tearmainn Eorpach (Eurodac), an Córas Faisnéise Víosaí, agus Córas Faisnéise Schengen. Tá na trí cinn eile fós á bhforbairt: an Córas Dul Isteach/Imeachta, an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla do Náisiúnaigh Tríú Tír (ECRIS-TCN).

Is é atá sna hionstraimí dlí lena gcuirtear na córais TF sin agus idir-inoibritheacht na gcóras sin ar bun roinnt coimircí a bhfuil mar aidhm leo cosaint a thabhairt do na cearta bunúsacha a chumhdaítear leis an gCairt, amhail sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8), neamh-idirdhealú (Airteagal 21) agus cearta an linbh (Airteagal 24). Is beag eolas atá ann ar na coimircí sin go fóill, áfach.

# 7

# AN tSOCHAÍ FAISNÉISE, PRÍOBHÁIDEACHAS AGUS COSAINT SONRAÍ



**Ceann de na torthaí a bhí ar phaindéim COVID-19 in 2020 ba ea gur spreagadh forbairt teicneolaíochtaí nuálacha, lena n-áirítear intleacht shaorga, agus an glacadh le teicneolaíochtaí nuálacha chun leathadh an víris a chomhrac. Ar aon dul leis sin, chothaigh úsáid leanúnach teicneolaíochtaí intleachta saorga ábhair imní faoi na cearta chun cosaint sonraí agus chun príobháideachais (agus faoi chearta eile, amhail an ceart chun neamh-idirdhealaithe). D'fhreagair comhlachtaí AE agus comhlachtaí idirnáisiúnta go tapa do na hábhair imní sin trí bhéim a leagan ar na caighdeáin chosanta sonraí is infheidhme. Ag an tráth céanna, lean an tAontas Eorpach lena chuid oibre chun úsáid intleachta saorga a rialáil. D'fhoilsigh sé páipéar bán agus tuarascáil tionlacain inar aithníodh an ról atá ag cearta bunúsacha – agus ag creataí eiticiúla – maidir le húsáid intleachta saorga atá comhlíontach ó thaobh ceart de a áirithiú. Chomh maith leis sin, rinne institiúidí AE agus Ballstáit AE tuilleadh forbartha ar bheartais agus dlíthe a bhaineann le príobháideachas agus cosaint sonraí i réimsí éagsúla, idir choinneáil sonraí, fhaireachas sonraí agus an comhrac in aghaidh ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí.**

Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, spreagadh daoine chun úsáid a bhaint as sonraí digiteacha agus as teicneolaíochtaí nua chun srian a chur le leathadh an víris agus chun maolú a dhéanamh ar thionchar diúltach an víris ar an tsochaí. Idir fheidhmchláir rianaithe teagmhála, fheidhmchláir ghaireachta, bhogearraí teileachomhdhála agus úsáid algartam san oideachas, tháinig rioscaí do na cearta bunúsacha chun cosaint sonraí agus chun measa ar an saol príobháideach as an dianbhailiú sonraí pearsanta agus as an dianbhealach ar caitheadh leo.

Léirigh na forbairtí a tháinig chun cinn le linn na bliana gurb amhlaidh, le linn géarchéime, go bhfuil sé ríthábhachtach cleachtaí cothromúcháin atá éifeachtach agus iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh tionchar díréireach ag bearta cosanta sláinte ar chearta bunúsacha.

## TUAIRIM FRA 7.1

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú gurb amhlaidh, maidir le haon bhearta, aon bheartais nó aon tionscnaimh dhlíthiúla a dhéantar le linn géarchéime amhail paindéim, nach gcuirfear isteach go díréireach leo ar na cearta chun cosaint sonraí agus chun measa ar an saol príobháideach. Rud sonrach, ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm Airteagal 8 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus prionsabail na cothroime, an íoslaghdaithe sonraí agus an teorannaithe de réir cuspóir a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

## TUAIRIM 7.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go mbeidh sonraí dóthain acmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais ag údaráis mhaoirseachta náisiúnta um chosaint chun gur féidir leo an sainordú atá acu a chur i gcrích go héifeachtach. Chun leordhóthanacht acmhainní a mheasúnú, ba cheart do na Ballstáit tacú le hathbhreithnithe neamhspleácha oibiachtúla ar ualach oibre na n-údarás maoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí.

Ar aon dul leis an treocht a shainaithin FRA sa *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2020* uaidh, bhí ualach oibre an-trom ar údaráis mhaoirseachta cosanta sonraí go fóill. Bhí líon mór imscrúduithe agus gearán ann arís eile i bhformhór na mBallstát. Ar aon dul leis sin, ní rabhthas in ann díospóidí trasteorann a réiteach go tapa mar thoradh ar chomhchuibhiú neamhiomlán na nósanna imeachta agus na bpríomhchoincheap ar a mbraitheann an nós imeachta um chomhar ar dhíospóidí den sórt sin.

Bhí comharthaí dul chun cinn ann ar an leibhéal náisiúnta (maidir leis an méadú ar acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais) agus ar an leibhéal idirnáisiúnta (maidir le comhchuibhiú na mbearnaí) araon in 2020. Is féidir tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh go fóill, áfach. Ní éireoidh le creat dlíthiúil láidir an Aontais Eorpaigh le haghaidh cosaint sonraí ach amháin i gcás ina mbeidh sách acmhainní ag na gníomhaithe uile chun freagairt go tapa agus go héifeachtach ar gach iarraidh.



## TUAIRIM 7.3 Ó FRA

Ba cheart d'institiúidí AE agus do Bhallstáit AE a áirithiú go mbeidh na coimircí is gá chun comhlíonadh phrionsabail na dlíthiúlachta, an riachtanais agus na comhréireachta a rathú i ngach iarracht rialála chun gníomhaíochtaí coiriúla a chomhrac. Ba cheart dóibh soláthar a dhéanamh d'fhormhaoirseacht éifeachtach agus do rochtain ar shásraí leighis freisin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart d'institiúidí AE agus do Bhallstáit AE aird iomlán a thabhairt ar chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Agus bagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaíochtaí coiriúla i réim go fóill le linn 2020, d'iarr institiúidí AE agus na Ballstáit go nglacfaí go pras bearta lena n-éascaítear úsáid na sonraí agus na dteicneolaíochtaí atá ar fáil chun an choireacht a chomhrac. Gaireadh úsáid teicneolaíochtaí mianadóireachta sonraí ar bhealaí éagsúla chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a chomhrac, chun tacú le himscrúduithe coiriúla, chun faireachas a mhéadú agus chun dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne.

Ina lán cásanna, áfach, cheistigh comhlachtaí institiúideacha agus an tsochaí shibhialta cé chomh riachtanach agus comhréireach agus a bhí bearta den sórt sin ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh araon. Cé go bhfuil cuspóirí dlisteanacha le bearta slándála, níor cheart iad a úsáid mar leithscéal chun caighdeáin cheart bunúsach a ísliú.



Níor fhág an phaindéim gur cuireadh stop leis an obair a bhí ar bun chun straitéisí, tionscnaimh dhlíthiúla agus beartais a cheapadh chun úsáid intleachta saorga a chothú nó a rialáil. Go deimhin, ba é an toradh a bhí ar an bpaindéim gur spreagadh comhlachtaí chun bearta tapa a ghlacadh lena dtacaítear le húsáid intleachta saorga. Cuireadh úsáid intleachta saorga chun cinn mar uirlis chun an phaindéim a chomhrac freisin. Rinne an tAontas Eorpach agus na Ballstáit araon straitéisí éagsúla intleachta saorga agus ionstraimí dlí nua a fhorbairt go han-ghníomhach le linn 2020.

Mar a chuir FRA in iúl cheana féin sa *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2019* uaidh agus sa *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2020* uaidh, áfach, is don 'eitic' a thagraítear go príomha ina lán straitéisí intleachta saorga agus ní luaitear ach go hachomair iontu an gá atá ann le cearta bunúsacha a chosaint, gan aon chur chuige mionsonraithe cearta-bhunaithe a leagan amach ina leith sin. Mar sin féin, mar a dúradh sa tuarascáil ó FRA maidir le hintleacht shaorga agus cearta bunúsacha, is féidir le húsáid intleachta saorga tionchar forleathan a imirt ar chearta bunúsacha daoine. Dá bhrí sin, ní mór cearta bunúsacha a leabú go daingean in aon reachtaíocht amach anseo.

## TUAIRIM 7.4 Ó FRA

Ba cheart d'institiúidí AE agus do Bhallstáit AE a áirithiú gur bunaithe ar urraim do chearta bunúsacha a bheidh aon ionstraimí dlí nó polaitiúla a thabharfar isteach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh nó ar an leibhéal náisiúnta amach anseo i réimse na hintleachta saorga. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart dóibh coimircí dlíthiúla láidre a chur ar áireamh, measúnuithe tionchair ar chearta bunúsacha a chur chun cinn, agus formhaoirseacht neamhspleách agus rochtain ar leigheasanna éifeachtacha a áirithiú.

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú nach n-ísleofar in imthosca urghnácha, amhail an phaindéim, an leibhéal cosanta a thugtar do chearta bunúsacha nuair a úsáidtear teicneolaíochtaí intleachta saorga.

8

# CEARTA AN LINBH

**Cuireadh strus gan fasach ar leanaí agus teaghlaigh ar fud an Aontais Eorpaigh de dheasca phaindéim COVID-19 in 2020, go háirithe iad siúd a bhí faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta cheana féin. Beag beann ar iarrachtaí na mBallstát, chruthaigh an cianoideachas dúshláin do leanaí nach raibh ríomhaire ná rochtain Idirlín acu nó a chónaigh i dtithe róphlódaithe. Bhí leanaí i mbaol mí-úsáide sa bhaile freisin. Cé gur tháinig laghdú arís eile ar an líon iarratas ar thearmann a fuarthas ó leanaí, bhí a ndálaí glactha neamh-leordhóthanach go fóill i roinnt Ballstát. Ghlac deich mBallstát 573 leanbh neamhthionlactha agus 771 leanbh a bhí in éineacht le teaghlach isteach, ar leanaí iad a athshocraíodh ó 'theophointí' na Gréige. D'ionchorpraigh formhór na mBallstát sa dlí náisiúnta an Treoir maidir le Coimircí Nós Imeachta do leanaí a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith i nósanna imeachta coiriúla. Mar sin féin, tá nósanna imeachta um shárú in aghaidh seacht mBallstát fós ar oscailt. Thug an Coimisiún Eorpach faoi chomhairliúcháin fhairsinge ar straitéis an Aontais Eorpaigh um chearta an linbh, a bhfuil sé beartaithe aige í a ghlacadh in 2021.**

## TUAIRIM 8.1 Ó FRA

Ba cheart don Choimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh ar thionchar COVID-19 agus é ag ullmhú chun tionscnaimh a sheoladh faoi Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh don Leanbh. Sa ráthaíocht sin, ba cheart tionscnaimh spriocdhírithe a shainiú agus cistiú dóthanach a leithdháileadh chun na leanaí is leochailí a chosaint, go háirithe i réimsí an oideachais, na tithíochta, na sláinte agus an leasa shóisialta.

Ba cheart do Bhallstáit AE leanúint le hiarracht a dhéanamh a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh, go háirithe na leanaí is leochailí, ar an scoil ar théarmaí cothroma agus ba cheart dóibh leanaí a chosaint ar fhoréigean. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtiocfaidh tairbhe inbhuanaithe as bearta eacnamaíocha chun tacú le teaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus go bhfuil na bearta sin inrochtana do na teaghlaigh is leochailí, amhail teaghlaigh den phobal Romach agus teaghlaigh imirceach. Mar shampla, d'fhéadfadh na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tairseach le haghaidh íocaíochtaí sóisialta tráthrialta a bheith á rochtain ag teaghlaigh ar ísealioncam.

Ar mhaithe le beartais fhianaisebhunaithe a fhorbairt, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach sonraí a bhailiú lena measúnaítear eispéiris agus tuairimí na leanaí féin ar thionchar na paindéime ar a bhfolláine choirp agus mheabhrach.

Bhí tionchar láidir ag paindéim COVID-19 ar fholláine leanaí san Eoraip. Mar gheall ar chaillteanas ioncaim theaghlaigh, ar dhúnadh na scoileanna agus ar an méadú ar fhoréigean sa bhaile agus ar líne, tháinig ábhair imní chun cinn faoi chearta faoi Airteagail 3, 14 agus 24 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Sholáthair na Ballstáit roinnt pacáistí tacaíochta eacnamaíche do theaghlaigh chun an caillteanas ioncaim a chúiteamh. Mar gheall ar mhéid agus ar fhad teoranta na tacaíochta, áfach, tá amhras ann maidir le húsáideacht agus inmharthanacht na bpacáistí airgeadais sin san fhadtéarma.



Níorbh ionann do gach teaghlach an t-aistriú chuig scolaíocht bhaile. Ní raibh roinnt leanaí in ann páirt iomlán a ghlacadh i ngnáthaimh scoile toisc nach raibh rochtain acu ar ghléas Idirlín nó spás ciúin ina bhféadfadh siad foghlaim. Chaill leanaí eile an teidlíocht a bhí acu chun lóin scoile a fháil saor in aisce. Le linn na dtréimhsí dúnta scoile agus na gcoraintíní, ba é an toradh a bhí ar na tréimhsí fada a caitheadh sa bhaile gur tháinig méadú ar an líon tuairiscí faoi fhoréigean in aghaidh leanaí agus ar an líon leanaí a raibh teacht i dtír gnéasach á dhéanamh orthu tríd an Idirlíon.

Leanadh leis na hullmhúcháin do Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh don Leanbh. Mar scéim ar iarr Parlaimint na hEorpa í, tá sé mar aidhm leis an Ráthaíocht rochtain chothrom a thabhairt do gach leanbh ar sheirbhísí bunúsacha, go háirithe cúram sláinte, oideachas, oideachas agus cúram na luathóige, tithíocht mhaith agus cothú leordhóthanach. Táthar ag súil go nglacfar Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh don Leanbh in 2021.



Tá leanaí a shroicheann an Eoraip i dteideal cosaint a fháil faoi Airteagal 24 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus dálaí glactha leordhóthanacha a fháil i gcomhréir leis an Treoir maidir le Dálaí Glactha. Ceanglaítear leis an Treoir sin ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar na riachtanais ghlactha atá ag leanaí agus rochtain a thabhairt dóibh ar an oideachas agus ar chaighdeán maireachtála leordhóthanach, i measc nithe eile. Sa ghnáthchleachtas laethúil, áfach, is mórábhair imní iad na dálaí glactha i roinnt Ballstát, ina bhfuil ionaid róphlódaithe agus sláinteachas neamhleor le fáil agus ina bhfuil ionaid ghlactha atá oiriúnach do leanaí in easnamh.

Leantar le leanaí atá in éineacht le teaghlach agus leanaí neamhthionlactha a chur faoi réir coinneála. Cé nach dtoirmisctear le dlí an Aontais Eorpaigh coinneáil riaracháin leanaí i gcomhthéacs imirce, níor cheart saoirse a bhaint de leanaí gan doiciméid ná de leanaí atá ag déanamh iarratais ar thearmann nó atá i nós imeachta um fhilleadh. Níor cheart leanaí a choinneáil ach amháin mar rogha dheiridh in imthosca eisceachtúla.

Sheol an Coimisiún Eorpach an Comhaontú um Imirce agus um Thearmann, lena moltar tacar sásraí dlúthpháirtíochta le haghaidh cásanna brú, lena n-áirítear athshocrú. A bhuí le hiarrachtaí comhpháirteacha an Choimisiúin Eorpaigh, údaráis na Gréige agus 10 mBallstát, bhíothas in ann 573 leanbh neamhthionlactha agus 771 leanbh a bhí in éineacht le teaghlach a athshocrú ó láithreacha achrainn na Gréige.

Mar sin féin, cónaíonn thart ar 1,000 leanbh i gcóiríocht neamhshlán sa Ghréig go fóill. Cónaíonn thart ar 100 duine díobh i láithreacha achrainn.

## TUAIRIM 8.2 Ó FRA

Ba cheart don Choimisiún Eorpach agus do Bhallstáit AE treisiú leis na hiarrachtaí atá ar bun chun leanaí neamhthionlactha agus leanaí leochailí eile a chónaíonn i ndálaí glactha neamhleor sna Ballstáit faoi láthair a athshocrú. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an dea-chleachtas atá ann cheana maidir le hathshocrú leanaí chun a áirithiú go bhfreastalófar ar leas an linbh ar fud an nós imeachta.

Ba cheart do na Ballstáit dianiarracht a dhéanamh cosaint leanaí a áirithiú, agus deimhin á dhéanamh de go mbeidh meas ar dhálaí glactha na caighdeáin íosta le haghaidh caighdeán maireachtála díniteach agus saoráidí atá oiriúnach do leanaí, ar caighdeáin iad a leagtar amach sa Treoir maidir le Dálaí Glactha.

Ba cheart do na Ballstáit córais iontaofa éifeachtacha a fhorbairt lena gcuirfear deireadh leis an ngá atá ann le leanaí a choinneáil chun críocha tearmainn nó fillte.

## TUAIRIM 8.3 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE treisiú leis na hiarrachtaí atá ar bun chun an Treoir maidir le Coimircí Nós Imeachta (2016/800/AE) a chur chun feidhme i ngnáthchleachtas laethúil gairmithe. D'fhéadfadh siad déanamh amhlaidh trí oiliúint agus treoir ghairmiúil a sholáthar do gach cleachtóir, lena n-áirítear póilíní, breithiúna, dlíodóirí agus ionchúisitheoirí.

D'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach tuilleadh tacaíochta a thabhairt do Bhallstáit AE – mar shampla, trí chomhairle a thabhairt maidir leis an Treoir a thrasuí agus a chur chun feidhme agus trí mhalartú eispéireas Praiticiúil idir na Ballstáit a éascú.

Ráthaítear le hAirteagal 48 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha coimircí tábhachtacha do thoimhde na neamhchiontachta agus don cheart chun cosaint a fháil. De réir Airteagal 24, ní mór leas an linbh a bheith ar cheann de na dálaí is tábhachtaí atá le cur san áireamh. Déantar na pointí sin a shainiú agus a fhorbairt sa Treoir maidir le Coimircí Nós Imeachta do leanaí a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith in imeachtaí coiriúla (2016/800/AE). Ceanglaítear léi ar na Ballstáit leanaí agus a dtuismitheoirí a chur ar an eolas go pras faoi na cearta atá acu i gcás ina bhfuil drochamhras faoi leanaí nó ina bhfuil cúis curtha ina leith, a áirithiú go dtabharfaidh dlíodóir cúnamh don leanbh, agus measúnú a dhéanamh ar staid ar leith gach linbh.

Faoi dheireadh 2020, bhí a ndlíthe náisiúnta leasaithe ag formhór na mBallstát chun an Treoir a ionchorprú iontu. Ceanglaíodh orthu déanamh amhlaidh faoin 11 Meitheamh 2019. Mar sin féin, bhí na nósanna imeachta um shárú a tionscnaíodh in aghaidh seacht mBallstát in 2019 fós ar oscailt ag deireadh 2020.

# 9

# ROCHTAIN AR AN gCEARTAS

**Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, rinneadh roinnt forbairtí nuálacha tábhachtacha in 2020 ar an gcreat polaitiúil agus institiúideach le haghaidh cearta íospartach. Cheap an Coimisiún Eorpach comhordaitheoir um chearta íospartach, ghlac sé an chéad straitéis riamh uaidh maidir le cearta íospartach don tréimhse 2020–2025, agus bhunaigh sé ardán um chearta íospartach. Ar an leibhéal náisiúnta, ba as paindéim COVID-19 a tháinig formhór na bhforbairtí. De bharr na paindéime, tarraingíodh aird ar fhoréigean teaghlaigh agus ar na deacrachtaí atá ann maidir le rochtain a fháil ar an gceartas le linn srianta móra a bheith ar an tsoghluaisteacht agus ar an saol poiblí. Idir an dá linn, bhí dúshláin i roinnt Ballstát go fóill maidir le neamhspleáchas breithiúnach. In 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún a chéad tuarascáil riamh maidir leis an smacht reachta agus ghlac an Chomhairle Eorpach an Rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.**

Tá an ceart ag daoine a d'fhulaing coireanna in aghaidh an duine chun aitheantas agus ceartas a fháil faoi Airteagal 47 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. In 2020, chruthaigh an Coimisiún Eorpach creat chun na cearta sin a fhorbairt tuilleadh agus chun céim a dhéanamh i dtreo iad a aithint ina n-iomláine agus éifeacht a thabhairt dóibh. Agus é ag cur leis an Treoir maidir le Cearta Íospartach, cheap an Coimisiún Eorpach Comhordaitheoir um Chearta Íospartach, ghlac sé an chéad straitéis riamh ón Aontas Eorpach maidir le cearta íospartach, agus bhunaigh sé an tArdán um Chearta Íospartach. Beidh rath na straitéise ag brath go pointe mór, áfach, ar a thiomanta a bheidh na Ballstáit dá cur chun feidhme.

Sainaithnítear príomhthosaíochtaí sa straitéis, lena n-áirítear tacú le híospartaigh coireanna a thuairisciú, feabhas a chur ar an tacaíocht agus ar an gcosaint a thugtar d'íospartaigh leochaileacha, cabhrú le híospartaigh rochtain a fháil ar chúiteamh, agus comhar agus comhordú a neartú i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha uile. Imríonn eagraíochtaí tacaíochta íospartach ról ríthábhachtach i ngach ceann de na réimsí sin. Dá bhrí sin, chun go n-éireoidh leis an straitéis, tá sé riachtanach go mbeadh na Ballstáit sásta measúnú a dhéanamh ar na struchtúir thacaíochta atá ann cheana agus, i gcás inar gá, na struchtúir sin a fheabhsú agus a neartú.

### TUAIRIM 9.1 Ó FRA

Ní mór do Bhallstáit AE cloí leis an ngealltanas a thug siad cur chun feidhme iomlán cuí na Treorach maidir le Cearta Íospartach a áirithiú. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh na cearta atá ag íospartaigh na coireachta a fhorbairt tuilleadh ar aon dul leis an straitéis ón gCoimisiún Eorpach maidir le cearta íospartach.

Ba cheart do na Ballstáit bearta éifeachtacha a dhéanamh chun cabhrú le cur chun feidhme a dhéanamh ar an gceart atá ag gach íospartch chun seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta a fháil, lena n-áirítear faisnéis, comhairle agus tacaíocht a bhaineann le cearta íospartach agus leis an ról iomchuí atá acu in imeachtaí coiriúla.



Rinne roinnt Ballstát den Aontas Eorpach (an Bhulgáir, an Eastóin agus an Liotuáin san áireamh) agus an tSeirbia eagraíochtaí tacaíochta íospartach a bhunú nó na struchtúir atá orthu a threisiú in 2020. Tá dúshláin ann go fóill, áfach. Áirítear leo sin, mar shampla, dúshláin a bhaineann le faisnéis a sholáthar d'íospartaigh faoi na cearta atá acu; dúshláin a bhaineann le comhairle agus tacaíocht phraiticiúil a thabhairt d'íospartaigh chun gur féidir leo leas a bhaint as na cearta atá acu; agus dúshláin atá os comhair seirbhísí tacaíochta íospartach maidir le híospartaigh a chur ar an eolas faoin ról atá acu in imeachtaí coiriúla agus i dtacaíocht ábhartha a sholáthar, i gcomhréir le hAirteagal 9(1)(a) den Treoir maidir le Cearta Íospartach.

## TUAIRIM 9.2 Ó FRA

Mura ndearna siad amhlaidh cheana féin, moltar do Bhallstát AE daingniú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl).

Molann FRA do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhearnaí ina reachtaíocht náisiúnta maidir le cosaint a thabhairt do mhná ar íospartaigh an fhoréigin iad, lena n-áirítear trí threoir a thabhairt do na póilíní maidir le hidirghabháil a dhéanamh i gcásanna foréigin pháirtnéara, agus molann sé dóibh bearta a ghlacadh lena n-áirithítear go dtabharfar cosaint láidir láithreach do mhná ar an athíospairt agus ar an bhfrithbheartaíocht.

Ní hé amháin go sainítear caighdeáin le Coinbhinsiún Iostanbúl Chomhairle na hEorpa ach, tríd an obair a dhéanann comhlacht faireacháin an Choinbhinsiúin (GREVIO), srpeagtar agus treoraítear leis freisin an obair chun forbairt a dhéanamh ar chearta na mban chun cosaint a fháil ar fhoréigean inscnebhunaithe agus chun aitheantas agus ceartas a fháil más íospartaigh iad. Ní raibh an Coinbhinsiún daingnithe go fóill ag an mBulgáir, ag an tSeicia, ag an Ungáir, ag an Laitvia, ag an Liotuáin ná ag an tSlóvaic faoi dheireadh 2020, áfach.

Tá aontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún fós ar feitheamh freisin. Tar éis iarraidh a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, d’oibrigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar thuairim inar measúnaíodh cé acu atá nó nach bhfuil síniú agus glacadh an Choinbhinsiúin ag teacht le conarthaí an Aontais Eorpaigh. Táthar ag súil le tuairim a fháil uaithi ina leith sin sa dara ráithe de 2021.



## TUAIRIM 9.3 Ó FRA

Moltar don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát a gcuid iarrachtaí agus comhair a neartú tuilleadh chun neamhspleáchas na breithiúnachta a chothabháil agus a threisiú mar chomhpháirt lárnach den smacht reachta.

Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann gníomhaíocht phras a dhéanamh chun na breithiúnais ábhartha ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh ina n-iomláine. Moltar do na Ballstáit freisin gníomhú go pras de bhun moltaí, amhail na cinn a eisíonn an Coimisiún Eorpach mar chuid dá nós imeachta um an smacht reachta.

Is é neamhspleáchas na breithiúnachta an bhunchloch don smacht reachta agus do rochtain ar an gceartas (Airteagal 19 CAE, Airteagal 67(4) CFAE, agus Airteagal 47 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha). Bhí dúshláin ann go fóill i réimse an cheartais i roinnt Ballstát den Aontas Eorpach, go háirithe maidir le neamhspleáchas breithiúnach. D’eisigh an Coimisiún Eorpach an chéad Tuarascáil bhliantúil uaidh maidir leis an Smacht Reachta in 2020. Bhí córais cheartais agus neamhspleáchas na gcóras sin ar cheann amháin de na ceithre réimse fócais a cumhdaíodh sa tuarascáil.

Glacadh le linn na bliana freisin an Rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint. Luaitear go sainráite ann go bhfuil éilliú agus cur as do neamhspleáchas na breithiúnachta i measc na dtáscairí ar shárú ar an smacht reachta.

# 10

# FORBAIRTÍ MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHOINBHINSIÚIN AR CHEARTA DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

**Thosaigh an Coimisiún Eorpach ar straitéis nua um míchumas a fhorbairt in 2020, agus tús á chur le próiseas comhairliúcháin a leanadh ar aghaidh le linn na bliana. Seolfaidh sé straitéis nua sa chéad ráithe de 2021. Tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil ar Rialachán nua Forálacha Coiteanna lena rialaítear cistí AE, rud lena gcumhdaítear cearta daoine faoi mhíchumas. Idir an dá linn, thástáil paindéim COVID-19 an dualgas atá ar an Aontas Eorpach agus ar a chuid Ballstát an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh. Thug na Ballstáit raon leathan beart isteach lena ndearnadh difear mór do chearta daoine faoi mhíchumas. Ag gníomhú dóibh in éineacht lena n-eagraíochtaí ionadaíocha agus faoi na struchtúir a bunaíodh faoin gCoinbhinsiún chun iad a chosaint, rinne daoine faoi mhíchumas gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeadh na bearta sin ag teacht leis an gCoinbhinsiún. Tríd is tríd, chonacthas go soiléir le linn na paindéime an tábhacht a bhaineann le ról a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus dá n-eagraíochtaí ionadaíocha i gcásanna riosca. Chonacthas freisin an luach atá ar struchtúir láidre náisiúnta a bheith i bhfeidhm faoin gCoinbhinsiún.**

Rinne rialtais raon leathan beart chun srian a chur le leathadh an choróinvíris. I roinnt de na bearta sin, níor tugadh aird iomlán ar na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas faoin gCoinbhinsiún, go háirithe Airteagal 4 (an dualgas chun cearta daoine faoi mhíchumas a áirithiú agus a chur chun cinn) agus Airteagal 11 (cásanna riosca agus éigeandálaí daonnúla), nó faoi Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, go háirithe Airteagal 21 (neamh-idirdhealú) agus Airteagal 26 (daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú). B'iomarcach a bhí toirmisc áirithe ar chuairteanna, ní raibh cead ag daoine faoi mhíchumas freastal ar an scoil, nó ní raibh go leor díolúintí acu ó rialacha maidir le masc a chaitheamh nó maidir le scaradh sóisialta.



## TUAIRIM 10.1 Ó FRA

Ar aon dul leis an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, agus mar chuid de na seiceálacha a dhéanann siad ar bhearta reachtacha agus feidhmiúcháin lena ndéileáiltear le cásanna riosca (amhail paindéim COVID-19), ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar an tionchar atá ag bearta den sórt sin ar chearta daoine faoi mhíchumas agus féachaint le haon tionchar diúltach a sheachaint. Maidir le haon bhearta a bhfuil mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar chásanna riosca agus lena bhféadfaí difear díreach nó indíreach a dhéanamh do chearta daoine faoi mhíchumas, ba cheart foráil a dhéanamh dóibh le dlí agus ba cheart go mbeadh siad neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach leis an aidhm dhlisteanach atá á saothrú. Ar aon dul leis an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus le Cairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, ba cheart do na Ballstáit ról iomlán a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus dá n-eagraíochtaí ionadaíocha agus do na comhlachtaí faireacháin náisiúnta arna mbunú faoi Airteagal 33 den Choinbhinsiún le linn bearta den sórt sin a phleanáil agus faireachán a dhéanamh orthu.

D'fhéadfadh institiúidí AE agus Ballstáit AE tacú leis na seiceálacha sin trí mhalartú cleachtas a bhfuil gealladh fúthu a éascú, go háirithe idir parlaimintí náisiúnta.

Tháinig fadhbanna as bearta dianghlasála freisin, lenar áiríodh maidir le bia agus soláthairtí leighis agus glantacháin a dháileadh ar dhaoine faoi mhíchumas. Níor comhlíonadh caighdeáin an Choinbhinsiúin le treoirlínte triáiseála, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le dianchúram tarrthála a shéanadh ar dhaoine faoi mhíchumas a raibh a seans marthanais chomh maith céanna le daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Ina theannta sin, ba mheasa, ina lán cásanna, an tionchar a bhí ag na tréimhsí dianghlasála ar fholláine mheabhrach agus choirp daoine faoi mhíchumas ná ar fholláine mheabhrach agus choirp daoine eile. Rinneadh dearmad ar riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas ina lán cásanna.

Ba bheag cumarsáid iomchuí a rinneadh le daoine faoi mhíchumas agus ba bheag faisnéis a tugadh dóibh faoi na bearta a bhí á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an bpaindéim, go háirithe i dtús na paindéime. B'annamh a ghlacadh siad páirt i mbearta den sórt sin a phleanáil freisin. D'oibrigh roinnt Ballstát den Aontas Eorpach chun a áirithiú go dtabharfaí ról méadaithe do dhaoine faoi mhíchumas i mbearta den sórt sin a phleanáil agus i bhfaireachán a dhéanamh orthu sa todhchaí. D'fhéadfadh sé sin cabhrú le laghdú a dhéanamh ar an mbaol go sárófaí le bearta amach anseo an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

## TUAIRIM 10.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a bhfreagairtí éigeandála a chur in iúl ar bhealach lán-inrochtana. Ba cheart dóibh treoracha ábhartha AE a chur chun feidhme ina n-iomláine, lena n-áirítear an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Ba cheart do na Ballstáit meáin agus formáidí iomchuí – mar shampla, fotheidil, ateangaireacht chomharthaíochta agus teanga shoiléite – a úsáid chun faisnéis a sholáthar.

Chonacthas le linn na paindéime gurb annamh a chuirtear an fhaisnéis ar fad faoi éigeandálaí ar fáil ar bhealach lán-inrochtana mar chuid de straitéisí cumarsáide géarchéime na mBallstát. Le linn na paindéime, níor soláthraíodh faisnéis trí mheáin agus i bhformáidí a bhí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas i ngach cás, cé go gceanglaítear an méid sin le dlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (2018/1808) agus an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin (2016/2102).





Chonacthas go soiléir le linn na paindéime an géarghá atá ann le dí-institiúidiú. Ní hamháin go bhfacthas lena linn go bhfuil daoine faoi mhíchumas i mbaol fisiciúil méadaithe sa phaindéim ar leith seo, ach chonacthas freisin go bhfuil a bhfolláine mheabhrach i mbaol méadaithe i gcás ina gcónaíonn siad i suíomhanna institiúidithe, mar gheall ar an leithlisiú agus an easpa teagmháil shóisialta a bhainean leis sin.

Ceanglaítear dí-institiúidiú le hAirteagal 19 den Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Is dóigh go gcuimseofar an ceanglas sin sa straitéis Eorpach nua um míchumas freisin. Méadófar an brú ar an bpróiseas dí-institiúidithe a chur i gcrích mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Rialachán nua na bhForálacha Coiteanna agus mar thoradh ar chur i bhfeidhm na straitéise um míchumas.

## TUAIRIM 10.3 Ó FRA

Ar aon dul le hAirteagal 19 den Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus mar chuid den straitéis Eorpach nua um míchumas, ba cheart don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát dlús a chur láithreach leis na hiarrachtaí atá ar bun acu maidir le dí-institiúidiú a bhaint amach, lena n-áirítear trí úsáid iomchuí a bhaint as cistí AE chun a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus gur féidir iad a chuimsiú sa phobal.




Rinneadh céimeanna chun tosaigh agus céimeanna siar araon i ndáil le cosaint ceart bunúsach sa bhliain 2020. Sa *Fundamental Rights Report 2021* (Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2021) ó FRA, féachtar siar ar na mórfhorbairtí san Aontas Eorpach idir Eanáir agus Nollaig 2020 agus leagtar amach na tuairimí ó FRA ina leith. Agus aird á tarraingt ar na rudaí atá curtha i gcrích agus ar na rudaí ar ábhair imní iad go fóill, soláthraítear sa tuarascáil léargas ar na príomhcheisteanna a bhfuil díospóireachtaí ar fud an AE maidir le cearta bunúsacha á mbunú orthu.




Dírítear i mbliana ar an bpaindéim Coróinvíris agus ar an tionchar a bhí aici ar chearta bunúsacha. Sna caibidlí eile, pléitear Cairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha; comhionannas agus neamh-idirdhealú; an ciníochas, an tseineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar; lánpháirtiú na Romach; tearmann agus imirce; an tsochaí faisnéise, príobháideachas agus cosaint sonraí; cearta an linbh; rochtain ar an gceartas; agus forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

FRA EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS

# DO CHEARTA BUNÚSACHA A CHUR CHUN CINN AGUS A CHOSAINT AR FUD AN AE —

**Chun teacht ar an leagan iomlán den *Fundamental Rights Report 2021* (Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2021) ó FRA – féach https://fra.europa.eu/en/publication/2021/fundamental-rights-report-2021**

**foilseacháin ghaolmhara FRA chomh maith:**

— FRA (2021), *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2021 – Tuairimí ó FRA* , Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, https://fra.europa.eu/en/publication/2021/fundamental-rights-report-2021-fra-opinions (ar fáil i ngach ceann de 24 teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh)

— FRA (2021), *The Coronavirus pandemic and fundamental rights: a year in review* (An phaindéim Coróinvíris agus cearta bunúsacha: athbhreithniú ar an mbliain), Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, https://fra.europa.eu/en/publication/2021/coronavirus-pandemic-focus (ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis)

Tá tuarascálacha Bliantúla FRA roimhe seo maidir leis na dúshláin a bhaineann le cearta bunúsacha agus an méid atá bainte amach san Aontas Eorpach ar fáil fós ar shuíomh gréasáin FRA (ar fáil i mBéarla, Fraincis agus Gearmáinis).

TUILLEADH FAISNÉISE

**FRA – GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA**
Schwarzenbergplatz 11 – 1040 Vín – an Ostair
T +43 158030-0 – F +43 158030-699
fra.europa.eu

facebook.com/fundamentalrights
linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency
twitter.com/EURightsAgency

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh